



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Feabhra 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0066(NLE)

6930/23
ADD 1

UK 27

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	27 Feabhra 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 123 final/2
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh atá le glacadh, agus le moltaí agus dearbhaithe comhpháirteacha agus aontaobhacha atá le déanamh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 123 final/2.

Faoi iamh: COM(2023) 123 final/2



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.2.2023
COM(2023) 123 final

ANNEXES 1 to 3

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh atá le glacadh, agus le moltaí agus dearbhaithe comhpháirteacha agus aontaobhacha atá le déanamh

IARSCRÍBHINN 1

**DRÉACHTCHINNEADH Uimh. /2023 ÓN gCOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ
LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE
MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR
AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO
FHUINNEAMH ADAMHACH**

an XX 2023

lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach¹ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe pointe (d) d'Airteagal 164(5) de, Airteagal 5(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal'), chomh maith le pointe (c) d'Airteagal 164(5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus an cúigiú mír d'Airteagal 8 den Phrótacal,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste, arna bhunú faoi Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste'), ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Na cinntí sin a bhfuil na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar, tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na cinntí sin a chur chun feidhme.
- (2) Faoi Airteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin an Prótacal.
- (3) Le Pointe (d) d'Airteagal 164(5)(d) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, cumhachtaítear don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh lena leasaítear an Comhaontú um Tharraingt Siar, ar choinníoll gur gá na leasuithe sin chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó ar easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú, agus ar choinníoll nach ndéantar eilimintí rithabhachtacha an Chomhaontaithe sin a leasú leis na cinntí sin.
- (4) Rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe Dearbhú Comhpháirteach sa Chomhchoiste á rá, i gcás inarb ábhartha ina ndéileálacha faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, go dtagróidh siad don Phrótacal arna leasú mar 'Chreat Windsor', i gcomhréir le ceanglais na deimhneachta dlíthiúla, agus go bhféadfaidh siad tagairt a dhéanamh don Phrótacal arna leasú ina reachtaíocht intíre ar an mbealach céanna.
- (5) Meabhraíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a ngealltanas comhroinnte gur cheart Comhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998 idir Rialtas na Ríochta Aontaithe, Rialtas na hÉireann agus na rannpháirtithe eile sa chaibidlíocht ilpháirtí ('Comhaontú 1998'), atá i gceangal le Comhaontú na Breataine-na hÉireann den dáta céanna, lena n-áirítear na comhaontuithe agus na socruithe cur chun feidhme ina dhiaidh sin, a chosaint ina n-iomláine.

¹ [IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.](#)

- (6) Ag féachaint d'imthosca sonracha Thuaisceart Éireann, ba cheart socruithe sonracha maidir le gluaiseacht earraí laistigh de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe a áireamh sna héascuithe dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Phrótacal, socruithe a bheidh comhsheasmhach le seasamh Thuaisceart Éireann mar chuid de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an bPrótacal seo, i gcás ina bhfuil na hearraí ceaptha le haghaidh tomhaltas deiridh nó úsáid deiridh i dTuaisceart Éireann agus i gcás ina bhfuil na coimircí is gá i bhfeidhm chun sláine mhargadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais a chosaint.
- (7) Ba cheart sásra coscáin éigeandála a bhunú lena gcuirfear ar a gcumas do Chomhaltaí den Tionól Reachtach i dTuaisceart Éireann, faoi gach ceann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Dearbhú Aontaobhach ón Ríocht Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998 atá i gceangal leis an gCinneadh seo, aghaidh a thabhairt ar thionchair mhóra a bhaineann go sonrach le saol laethúil na bpobal a eascraíonn as cur i bhfeidhm fhorálacha dhlí an Aontais i dTuaisceart Éireann, arna leasú nó arna ionadú le gníomhartha an Aontais a bheidh ann amach anseo.
- (8) Maidir le CBL agus mál, ag féachaint d'imthosca sonracha Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear an áit lárnach atá aici i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, ba cheart leasuithe áirithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal. Níor cheart rioscaí calaoise fioscaí ná aon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith mar thoradh ar na leasuithe sin. Lena gcur chun feidhme i dTuaisceart Éireann, agus go háirithe le cur chun feidhme na scéime speisialta i ndáil le ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha, níor cheart rioscaí a chruthú do mhargadh inmheánach an Aontais, ná do mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, ná níor cheart ualaí míchuí a chur ar ghnólachtaí a oibríonn i dTuaisceart Éireann.
- (9) Chun raon feidhme cur i bhfeidhm gníomhartha sonracha áirithe a liostaíodh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal a shoiléiriú, ba cheart dhá nóta a chur leis an Iarscríbhinn sin. Chun a áirithiú go bhféadfaí aon nóta eile a chur leis an Iarscríbhinn sin tráth ar bith, ba cheart foráil a dhéanamh don fhéidearthacht sin sa Chinneadh seo.
- (10) Maidir le gluaiseacht earraí, le hAirteagal 5(2) den Phrótacal cumhachtaítear don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh lena mbunófar na coinníollacha faoina measfar nach próiseáil tráchtála í an phróiseáil agus na critéir lena measfar, i dtaca le hearraí arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin.
- (11) Is inmhiannaithe feabhas a chur ar fheidhmiú na scéimeanna a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste, lena n-áirítear i ndáil le hearraí a sheoltar i mbeartáin chuig Thuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, rud a fhágfaidh go bhféadfai foráil a dhéanamh maidir le héascuithe forleathana i réimse an chustaim.
- (12) I gcomhréir le hAirteagal 175 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe na bearta is gá chun rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh go tapa agus de mheon macánta maidir leis na coinníollacha i dtaca le forálacha an Chinnidh seo a chur ar fionraí, a fhoirceannadh agus a bheith infheidhme.
- (13) Ba cheart Roinn 2 den Chinneadh seo a chur in ionad Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste.

- (14) Maidir le sásra comhordúcháin feabhsaithe a bhunú a bhaineann le feidhmiú an Phrótacail i réimsí CBL agus máil, i gcomhréir le hAirteagal 164(5)(c) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, féadfaidh an Comhchoiste *inter alia* na cúraimí a shanntar do choistí speisialaithe a athrú.
- (15) De bhun an cheathrú mír d’Airteagal 8 den Phrótacal, tá an Comhchoiste le plé a dhéanamh go tráthrialta maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na laghduithe agus na díolúintí dá bhforáiltear sna forálacha dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal céanna, agus tá sé le bearta a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun é a chur i bhfeidhm go cuí, de réir mar is gá.
- (16) Faoin gcúigiú mír d’Airteagal 8 den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, agus áit lárnach Thuaisceart Éireann i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe á cur san áireamh, agus féadfaidh sé bearta iomchuí a ghlacadh de réir mar is gá.
- (17) Chun éifeachtacht Airteagal 8 den Phrótacal a áirithiú agus go háirithe chun áit lárnach Thuaisceart Éireann i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe a chur san áireamh, ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe measúnú a dhéanamh, ar bhealach struchtúrtha, ar aon saincheist a eascraíonn as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Airteagal 8, lena n-áirítear go háirithe an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag aon tionscnamh beartais agus rialála san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe amach anseo ar Thuaisceart Éireann i réimsí CBL agus máil maidir le hearraí.
- (18) Is iomchuí, dá bhrí sin, sásra comhordúcháin feabhsaithe a bhunú chun go mbeidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in ann aon saincheist a bhaineann le feidhmiú an Phrótacail i réimsí CBL agus máil a shainaithint agus a phlé agus gníomhaíocht iomchuí a mholadh, de réir mar is gá. Chuige sin, ba cheart cruinnithe sonracha den Choiste Speisialaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann arna bhunú le hAirteagal 165(1)(c) den Chomhaontú um Tharraingt Siar a thionól chun CBL agus mál maidir le hearraí a phlé de réir mar is gá. An Sásra Comhordúcháin Feabhsaithe maidir le CBL agus mál a thabharfar ar na cruinnithe sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

ROINN 1

Leasuithe ar an bPrótacal

Airteagal 1

In Airteagal 6(2) den Phrótacal, cuirtear an abairt seo a leanas isteach tar éis na chéad abairte:

‘Áirítear leis sin socruithe sonracha maidir le gluaiseacht earraí laistigh de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, socruithe a bheidh comhsheasmhach le seasamh Thuaisceart Éireann mar chuid de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an bPrótacal seo, i gcás ina bhfuil na hearraí ceaptha le haghaidh tomhaltas deiridh nó úsáid deiridh i dTuaisceart Éireann agus i gcás ina bhfuil na coimircí is gá i bhfeidhm chun sláine mhargadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais a chosaint.’

Airteagal 2

In Airteagal 13 den Phrótacal, tar éis mhír (3), cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. De mhaolú ar mhír 3, agus faoi réir an cheathrú fomhír den mhír seo, ní bheidh feidhm ag gníomh Aontais a chumhdaítear leis an mír seo agus a leasaíodh le gníomh sonrach de chuid an Aontais nó ar cuireadh gníomh sonrach de chuid an Aontais ina ionad (dá ngairtear ‘gníomh sonrach de chuid an Aontais’ anseo feasta), arna leasú nó arna ionadú le gníomh sonrach an Aontais, ó dhá sheachtain tar éis an lae a thug an Ríocht Aontaithe fógra i scríbhinn don Aontas tríd an gComhchoiste gur leanadh an nós imeachta a leagtar amach sa dearbhú aontaobhach a rinne an Ríocht Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998, mar atá i gceangal le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh [XX]/2023 ón gComhchoiste². Tabharfar an fógra sin laistigh de dhá mhí ó fhoilsiú an ghnímh shonraigh de chuid an Aontais agus áireofar ann míniú mionsonraithe ar mheasúnú na Ríochta Aontaithe maidir leis na coinníollacha dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo, agus ar na céimeanna nós imeachta a rinneadh laistigh den Ríocht Aontaithe roimh an bhfógra.

Má mheasann an tAontas nach leor míniú na Ríochta Aontaithe maidir leis na himthosca dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo, féadfaidh sé míniú breise a iarraidh laistigh de dhá sheachtain ó dháta an fhógra agus cuirfidh an Ríocht Aontaithe an míniú breise sin ar fáil laistigh de dhá sheachtain ó dháta na hiarrata. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag an ngníomh de chuid an Aontais a chumhdaítear leis an mír seo, arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais, ón tríú lá tar éis an lae a chuir an Ríocht Aontaithe an míniú breise sin ar fáil.

Ní thabharfaidh an Ríocht Aontaithe an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá difríocht mhór, ina iomláine nó i bpáirt, idir ábhar nó raon feidhme an ghnímh de chuid an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais agus ábhar nó raon feidhme ghníomh an Aontais, de réir mar is infheidhme, sula ndéanfar é a leasú nó a ionadú; agus
- (b) maidir le cur i bhfeidhm ghníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú le gníomh sonrach an Aontais i dTuaisceart Éireann, nó leis an gcuid ábhartha de, de réir mar a bheidh, bheadh tionchar mór aige a bhaineann go sonrach le saol laethúil na bpobal i dTuaisceart Éireann ar bhealach ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh.

I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) ach i ndáil le cuid de ghníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais, ní thabharfar an fógra ach i leith na coda sin, ar choinníoll gur féidir an chuid sin a scaradh ó na codanna eile de ghníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais. Mura féidir an chuid sin a scaradh, tabharfar an fógra i ndáil leis an eilimint inscartha is lú de ghníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais ina bhfuil an chuid atá i gceist.

I gcás ina dtugtar an fógra i leith cuid de ghníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais, i gcomhréir leis an dara habairt den fhomhír roimhe seo, ní bheidh feidhm ag an ngníomh de chuid an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais ach i leith na coda sin amháin.

² [Cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO an Chinnidh seo ón gComhchoiste]

I gcás ina dtugtar an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, beidh feidhm ag mír 4 maidir leis an ngníomh de chuid an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais; i gcás ina gcuirtear gníomh an Aontais arna leasú nó arna ionadú leis an ngníomh sonrach de chuid an Aontais leis an bPrótacal seo, cuirfear an gníomh sin in ionad an ghnímh de chuid an Aontais sula leasófar é nó sula gcuirfear gníomh eile ina ionad.

Cumhdaítear leis an mír seo gníomhartha de chuid an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhleasc de cheannteideal 1 agus de cheannteidil 7 go 47 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo, agus sa tríú fhomhír d'Airteagal 5(1) de.'

Airteagal 3

Déanfar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal a leasú mar a leanas:

1) faoin gceannteideal '1. Cáin Bhreisluacha', tar éis na hiontrála 'Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha', cuirfear isteach an nóta seo a leanas:

'Maidir le hearraí arna soláthar agus arna suiteáil i maoin dhochorraithe atá suite i dTuaisceart Éireann ag daoine inchánach, féadfaidh an Ríocht Aontaithe rátaí laghdaithe, rátaí níos ísle ná 5 % nó díolúine lena ngabhann in-asbhainteacht CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin a chur i bhfeidhm i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Ní cheanglófar ar an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, an tríú fhomhír d'Airteagal 98(1) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 98(2) de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, féadfaidh sí rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm maidir le soláthairtí a chumhdaítear i níos mó ná 24 phointe in Iarscríbhinn III agus féadfaidh sí ráta laghdaithe níos ísle ná an t-íosmhéid 5 % agus díolúine lena ngabhann in-asbhainteacht CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin a chur i bhfeidhm maidir le soláthairtí a chumhdaítear i níos mó ná seacht bpointe in Iarscríbhinn III de Threoir 2006/112/CE.

Ní cheanglófar ar an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, an scéim speisialta a chur i bhfeidhm maidir le fiontair bheaga, a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 1, de Threoir 2006/112/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le comhar riaracháin agus malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga³, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, agus, dá bhrí sin, féadfaidh siad aon scéim díolúine a chur i bhfeidhm maidir le daoine inchánach a gcomhlíonann a láimhdeachas bliantúil, atá inchurtha i leith soláthairtí earraí agus seirbhísí, na rialacha maidir leis an tairseach láimhdeachais a leagtar síos in Airteagal 284(1), Airteagal 288 agus Airteagal 288a(1) agus (3) de Threoir 2006/112/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle. Déanfar coibhéis na tairsí láimhdeachais i bpoint steirling dá dtagraítear in Airteagal 284(1) a ríomh tríd an ráta malairte a chur i bhfeidhm an lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2020/285, arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach. Chun athruithe sa ráta malairte sin le himeacht ama a chur san áireamh, ceadófar difríocht uasta 15 faoin gcéad agus coibhéis na tairsí EUR 85 000 á ríomh.

³ IO L 62, 2.3.2020, lch. 1.

Ní cheanglófar ar an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, an scéim speisialta a chur i bhfeidhm maidir le ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha, a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE, a mhéid a bhaineann le ciandíol earraí ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann, ar choinníoll go bhfuil na hearraí faoi réir tomhaltais deiridh i dTuaisceart Éireann agus gur muirearaíodh cáin bhreisluacha sa Ríocht Aontaithe.’

2) faoin gceannteideal ‘2. Mál’, tar éis na hiontrála ‘Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú’, cuirtear isteach an nóta seo a leanas:

‘Ní cheanglófar ar an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, Airteagal 3(1) agus Airteagail 9, 13, 18 agus 21 de Threoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, féadfaidh sí rátaí dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le halcól agus deochanna alcólacha ar bhonn neart alcóil i gcónaí agus féadfaidh sí rátaí laghdaithe dleachta a chur i bhfeidhm maidir le deochanna alcólacha atá pacáistithe i gcoimeádáin mhóra tarraingthe a fhóntar lena gcaitheamh láithreach in ionaid fáilteachais, ar choinníoll nach mbeidh na rátaí dleachta sin sa Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, in aon chás, fiú tar éis aon fhaoiseamh is infheidhme, faoi bhun na híosrátaí dleachta a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus Airteagail 4, 5 agus 6 de Threoir 92/84/CEE, agus beidh feidhm acu maidir le táirgí a sholáthraítear ón Aontas ar bhealach chomh fabhrach céanna le táirgí intíre.

Ní cheanglófar ar an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, Airteagail 4, 9a, 13a, 18a, Airteagal 22(1) go (5) agus Airteagal 23a de Threoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, féadfaidh sí táirgeoirí beaga a shainiú agus rátaí laghdaithe dleachta a shocrú maidir le halcól agus deochanna alcólacha arna dtáirgeadh ag táirgeoirí beaga, ar choinníoll nach mbeidh na rátaí dleachta laghdaithe sin, in aon chás, fiú tar éis aon fhaoiseamh is infheidhme, níos ísle ná na híosrátaí dleachta mar a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus Airteagail 4, 5 agus 6 de Threoir 92/84/CEE, agus nach mbeidh táirgeadh bliantúil na dtáirgeoirí beaga atá i dteideal tairbhiú de chur i bhfeidhm an ráta dleachta laghdaithe, in aon chás, níos airde ná na tairseacha táirgeachta a leagtar síos sna chéad fhleasca d’Airteagal 4(1), Airteagal 9a(1), Airteagal 13a(1), Airteagal 18a(1) agus Airteagal 22(1) de Threoir 92/83/CEE ón gComhairle. Na nósanna imeachta maidir le haitheantas frithpháirteach a leagtar síos faoi Airteagal 4(3), Airteagal 9a(3), Airteagal 13a(5), Airteagal 18a(4), Airteagal 22(3) agus Airteagal 23a(3) de Threoir 92/83/CEE, ní bheidh feidhm acu idir na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.’

Airteagal 4

1. In Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal, faoin gceannteideal ‘1. Cáin Bhreisluacha’ cuirfear isteach aon nóta seachas na nótaí a leagtar síos i bpointe 1 d’Airteagal 3 den Chinneadh seo de réir mar a ghlacfaidh an Comhchoiste iad, ar choinníoll go sonrófar sna nótaí sin an bealach ina mbeidh feidhm ag gníomhartha an Aontais atá liostaithe i roinn 1 d’Iarscríbhinn 3 maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Leis na nótaí sin, áiritheofar nach mbeidh aon tionchar diúltach ar mhargadh inmheánach an Aontais i bhfoirm rioscaí calaoise fiosaí ná aon saobhadh iomaíochta a d’fhéadfadh a bheith ann.

2. In Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal, faoin gceannteideal ‘2. Mál’ cuirfear isteach aon nóta seachas na nótaí a leagtar síos i bpointe 2 d’Airteagal 3 den Chinneadh seo de réir mar a ghlacfaidh an Comhchoiste iad, ar choinníoll go sonrófar sna nótaí sin an bealach ina mbeidh feidhm ag gníomhartha an Aontais atá liostaithe i roinn 2 d’Iarscríbhinn 3 maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Leis na nótaí sin, áiríteofar nach mbeidh aon tionchar diúltach ar mhargadh inmheánach an Aontais i bhfoirm rioscaí calaoise fiosaí ná aon saobhadh iomaíochta a d’fhéadfadh a bheith ann.

ROINN 2

Earraí nach bhfuil i mbaol a chinneadh agus Cinneadh Uimh. 4/2020 a aisghairm

Airteagal 5

Ábhar

Leis an Roinn seo leagtar amach rialacha le haghaidh Airteagal 5(2) den Phrótacal a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) na coinníollacha faoina measfar, i dtaca le hearra arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, an t-earra sin gan bheith faoi réir próiseáil tráchtála i dTuaisceart Éireann;
- (b) na critéir lena measfar, i dtaca le hearra arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin.

Airteagal 6

Próiseáil neamhthráchtála

Chun críoch phointe (a) den chéad fhomhír, agus an tríú fhomhír d’Airteagal 5(2) den Phrótacal, measfar gur próiseáil neamhthráchtála atá i bpróiseáil earra, sna cásanna seo a leanas:

- (a) ba lú ná GBP 2,000,000 an láimhdeachas bliantúil iomlán, sa bhliain airgeadais iomlán is déanaí, a bhí ag an duine a thaisc dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i leith an earra sin nó ag an duine ar taisceadh an dearbhú sin thar a cheann (‘allmhaireoir’); nó
- (b) is i dTuaisceart Éireann a dhéanfar an phróiseáil agus is chun na críche seo a leanas amháin an phróiseáil sin:
 - (i) bia a dhíol le tomhaltóir deiridh sa Ríocht Aontaithe;
 - (ii) foirgníocht, i gcás inar cuid bhuan iad na hearraí a phróiseálfar de dhéanamh a dhéanfaidh an t-allmhaireoir nó eintiteas amháin ina dhiaidh sin agus a shuífidh sé i dTuaisceart Éireann;
 - (iii) soláthar díreach ón allmhaireoir nó ó eintiteas amháin ina dhiaidh sin, i dTuaisceart Éireann, d’fhaighteoir seirbhísí sláinte nó seirbhísí cúraim;
 - (iv) gníomhaíochtaí neamhbhrabúis i dTuaisceart Éireann ag an allmhaireoir nó ag eintiteas amháin ina dhiaidh sin, i gcás nach ndíoltar an t-earra próiseáilte ina dhiaidh sin; nó

- (v) úsáid deiridh mar bheatha ainmhithe in áitreabh atá suite i dTuaisceart Éireann ag an allmhaireoir nó ag eintiteas amháin ina dhiaidh sin.

Airteagal 7

Critéir lena measfar nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar earraí isteach san Aontas ina dhiaidh sin

1. Measfar nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar earra isteach san Aontas ina dhiaidh sin i gcás nach meastar é a bheith faoi réir próiseáil tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo, agus go meastar go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

(a) i gcás earraí a thabharfar isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí bhíthin iompar díreach:

(i) is cothrom le nialas an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais; nó

(ii) tá údaraithe don allmhaireoir i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 den Chinneadh seo an t-earra sin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann lena dhíol le tomhaltóirí deiridh atá sa Ríocht Aontaithe, nó le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh atá sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an cás ina raibh an t-earra sin faoi réir próiseáil neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo sula ndearnadh é a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh; nó

(iii) is i mbeartán a sheoltar é, agus

(aa) is de chineál neamhthráchtála é agus seolann duine príobháideach é chuig duine príobháideach eile a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann; nó

(bb) seolann oibreoir eacnamaíoch é trí iompróir atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chinneadh seo chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann agus is le haghaidh úsáid phearsanta amháin é.

(b) i gcás earraí a thabharfar isteach i dTuaisceart Éireann trí bhíthin iompar díreach ó áit seachas an tAontas nó cuid eile den Ríocht Aontaithe,

(i) tá an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais cothrom le, nó níos lú ná, an dleacht is iníoctha de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe, nó

(ii) tá údaraithe don allmhaireoir i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 den Chinneadh seo an t-earra sin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann lena dhíol le tomhaltóirí deiridh atá suite i dTuaisceart Éireann, nó lena sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh atá suite i dTuaisceart Éireann (lena n-áirítear i gcás ina raibh an t-earra sin faoi réir próiseáil neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo sula ndearnadh é a dhíol le tomhaltóirí deiridh, nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh), agus tá an difríocht idir an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais agus an dleacht is iníoctha de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe níos lú ná 3 % de luach custaim an earra.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1(a)(ii), mír 1(a)(iii) ná mír 1(b)(ii) maidir le hearraí atá faoi réir bearta cosanta trádála arna nglacadh ag an Aontas.

3. Chun críoch an Chinnidh seo, ciallaíonn ‘beartán’ pacáiste ina bhfuil an méid seo a leanas:

- (a) earraí, seachas mír chomhfhreagrais, nach mó ná 31,5 kg a n-ollmheáchan iomlán; nó
- (b) earra míre aonair, seachas mír chomhfhreagrais, nach mó ná 100 kg a ollmheáchan iomlán, i ndáil le hidirbheart tráchtála.

Airteagal 8

An dleacht is infheidhme a chinneadh

Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(i) agus Airteagal 7(1)(b) den Chinneadh seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

- (a) déanfar an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha a leagfar amach i reachtaíocht chustaim an Aontais;
- (b) déanfar an dleacht is iníoctha i leith earra de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i reachtaíocht chustaim na Ríochta Aontaithe.

Airteagal 9

Údarú chun na gcríoch in Airteagal 7

1. Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(ii) agus Airteagal 7(1)(b)(ii) den Chinneadh seo, is faoi bhráid údarás inniúil na Ríochta Aontaithe a chuirfear iarratas ar údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann trí bhíthin iompar díreach lena ndíol le tomhaltóirí deiridh, nó lena soláthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh.

2. San iarratas ar an údarú dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoi ghníomhaíochtaí gnó an iarratasóra, faoi na hearraí a thugann sé isteach i dTuaisceart Éireann de ghnáth, maille le tuairisc ar chineál na dtaifead, na gcóras agus na rialuithe a chuir an t-iarratasóir i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar dearbhú custaim cuí, chun críoch custaim, i leith na n-earraí arna gcumhdach faoin údarú agus go bhféadfar fianaise a chur ar fáil a sheasfaidh leis an ngealltanas in Airteagal 10(b) den Chinneadh seo. Coinneoidh an trádálaí an fhianaise, e.g. sonraisc, le haghaidh na gcúig bliana deireanacha roimhe sin agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis inniúla í arna iarraidh sin dóibh. In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gChinneadh seo leagtar amach na sonraí nach mór a chur san iarratas.

3. Léireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, san údarú:

- (a) ainm an duine dár deonaíodh an t-údarú (‘sealbhóir an údaráithe’);
- (b) uimhir thagartha aonair a shann an t-údarás inniúil custaim don chinneadh (‘uimhir thagartha an údaráithe’);
- (c) an t-údarás a dheonaigh an t-údarú;
- (d) dáta theacht i bhfeidhm an údaráithe.

4. Na forálacha i reachtaíocht chustaim an Aontais maidir le cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu maidir leis na hiarratais agus na húdruithe dá dtagraítear san Airteagal seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le faireachán.

5. I gcásanna ina bhfeicfidh údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe mí-úsáid á baint d'aonghnó as údarú nó sárú á dhéanamh ar na coinníollacha a ghabhann le húdarú a leagtar amach sa Chinneadh seo, cuirfidh an t-údarás an t-údarú ar fionraí nó cúlghairfidh sé é.

6. Féadfaidh ionadaithe an Aontais a iarraidh ar údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe údarú sonrach a fhíorú. Déanfaidh údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe na bearta iomchuí mar fhreagairt ar an iarraidh sin agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil faoin ngníomhaíocht a dhéanfar laistigh de 30 lá.

Airteagal 10

Coinníollacha ginearálta maidir le húdarú

Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(ii) agus Airteagal 7(1)(b)(ii) den Chinneadh seo, féadfar údarú a dheonú d'iarratasóirí:

(a) a mbeidh na critéir um bhunú seo a leanas comhlíonta acu:

- (i) tá siad bunaithe i dTuaisceart Éireann nó tá áit ghnó sheasta acu i dTuaisceart Éireann
 - a bhfuil acmhainní daonna agus teicniúla ann ar bhonn buan; agus
 - óna ndéantar earraí a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí; agus
 - a bhfuil teacht nó rochtain ann ar thaifid chustaim, ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair i dTuaisceart Éireann, nó
- (ii) tá siad bunaithe i gcodanna den Ríocht Aontaithe seachas Tuaisceart Éireann agus comhlíonann siad na critéir seo a leanas:
 - is sa Ríocht Aontaithe a dhéantar a n-oibríochtaí a bhaineann le cúrsaí custaim;
 - tá ionadaí indíreach custaim acu i dTuaisceart Éireann;
 - tá a dtaifid agus a bhfaisnéis chustaim, tráchtála agus iompair ar fáil nó inrochtana sa Ríocht Aontaithe d'údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe agus d'ionadaithe an Aontais chun comhlíontacht leis na coinníollacha agus leis na gealltanais arna dtabhairt de bhun an Chinnidh seo a fhíorú; agus

(b) a thabharfaidh gealltanais nach dtabharfaidh siad earraí isteach i dTuaisceart Éireann ach amháin lena ndíol le tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe, nó lena soláthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an cás ina raibh na hearraí sin faoi réir próiseála neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo sula ndearnadh iad a dhíol le tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe; agus, i gcás díol le tomhaltóirí deiridh i dTuaisceart Éireann, a thabharfaidh gealltanais go ndéanfar an díol ó cheann amháin nó níos mó d'ionaid díolacháin fhisiciúla i dTuaisceart Éireann óna ndéantar díol díreach le tomhaltóirí deiridh.

Airteagal 11

Coinníollacha sonracha maidir le húdarú allmhaireoirí

1. Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(ii) agus Airteagal 7(1)(b)(ii) den Chinneadh seo, ní dheonófar údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ach amháin d'iarratasóirí a mbeidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10 den Chinneadh seo comhlíonta acu chomh maith leis na coinníollacha seo a leanas, mar a mhínítear a thuilleadh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo:

- (a) dearbhaíonn an t-iarratasóir, i dtaca le hearraí arna dtabhairt isteach i dTuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(a)(ii) nó le hAirteagal 7(1)(b)(ii) den Chinneadh seo, go ndéanfaidh sé dearbhú custaim i leith na n-earraí sin mar earraí a bhfuiltear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann;
- (b) laistigh de thrí bliana roimh an iarratas, nach mbeidh aon sárú tromchúiseach ná athsháruithe déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht chustaim ná ar rialacha cánachais agus nach mbeidh ar taifead ina leith taifead i ndáil le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhain lena chuid gníomhaíochta eacnamaíche;
- (c) i gcás earraí a bhfuiltear le dearbhú custaim a dhéanamh ina leith mar earraí nach ngabhann aon riosca leo, léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil ardleibhéal rialaithe aige ar a chuid oibríochtaí agus ar an sreabhadh earraí, trí bhíthin córas le haghaidh bainistiú taifead tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, bainistiú taifead iompair, a fhágann gur féidir rialuithe iomchuí a dhéanamh agus fianaise a sholáthar chun tacú leis an ngealltanas in Airteagal 10(b) den Chinneadh seo;
- (d) tá seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir le linn na tréimhse trí bliana roimh an iarratas, nó sa tréimhse ó bunaíodh é i gcás inar lú ná trí bliana é, amhail chun é a chur ar chumas don iarratasóir a ghealltanas a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta gnó lena mbaineann;
- (e) ba cheart don iarratasóir a bheith in ann tuiscint shoiléir a léiriú ar a oibleagáidí faoin údarú seo agus i ndáil le gluaiseachtaí na n-earraí faoin scéim agus ar conas iad a chomhlíonadh.

2. Beidh iarratasóirí in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn na hearraí a thugann siad isteach i dTuaisceart Éireann d'aon cheann de na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

3. Ní dheonófar údaruithe ach amháin má mheasann an t-údarás custaim go mbeidh sé in ann rialuithe a dhéanamh i gcomhréir le socruithe oibríochtúla ábhartha comhaontaithe, gan iarracht dhíreireach riaracháin, lena n-áirítear rialú ar aon fhianaise gur díoladh na hearraí le tomhaltóirí deiridh nó gur soláthraíodh iad faoi réir a n-úsáide deiridh ag tomhaltóirí deiridh.

Airteagal 12

Coinníollacha sonracha maidir le húdarú Iompróirí

1. Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(iii)(bb) den Chinneadh seo, is féidir le hoibreoir eacnamaíoch a aistríonn beartáin, lena n-áirítear oibreoir poist ainmnithe na Ríochta Aontaithe, iarratas a dhéanamh ar bheith ina iompróir údaraithe a aistríonn beartáin ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann ('Iompróir Údaraithe') má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá sé cláraithe mar oibreoir eacnamaíoch;
- (b) tá sé bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus, i gcás nach bhfuil sé bunaithe i dTuaisceart Éireann, tá ionadaí indíreach custaim aige ann;

- (c) laistigh de thrí bliana roimh an iarratas, nach mbeidh aon sárú tromchúiseach ná athsháruithe déanta aige ar cheanglas reachtach nó rialála atá ábhartha dá ghníomhaíocht eacnamaíoch;
 - (d) ní mór ardleibhéal rialaithe a bheith aige ar a chuid oibríochtaí, trí bhíthin córas le haghaidh bainistiú taifead tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, bainistiú taifead iompair, a fhágann gur féidir rialuithe iomchuí a dhéanamh agus fianaise a sholáthar chun tacú lena ghníomhaíocht eacnamaíoch.
2. Ní dheonófar údaruithe ach amháin má mheasann údarás inniúil na Ríochta Aontaithe go mbeidh sé in ann rialuithe a dhéanamh i gcomhréir leis na socruithe oibríochtúla ábhartha comhaontaithe, gan iarracht dhíríreach riaracháin, lena n-áirítear rialú ar aon fhianaise gur seachadadh na hearraí go dtí daoine príobháideacha a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann.

Airteagal 13

Oibleagáidí atá ar na hIompróirí Údaraithe

Maidir le hIompróir Údaraithe:

- (a) glacfaidh sé freagracht as a shuíomh gur den chineál a thuairiscítear i bpointe (l) d’Airteagal 138 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún iad na hearraí i ngach beartán;
- (b) coinneoidh sé próisis oibríochtúla ar bun, rud a chuirfidh ar a chumas dó idirdhealú a dhéanamh idir oibreoirí eacnamaíocha agus daoine príobháideacha mar fhaighteoirí nó mar sheoltóirí beartán;
- (c) beidh sé in ann a chinneadh an gcomhfhreagraíonn na hearraí a thugann siad isteach i dTuaisceart Éireann do chatagóir 1 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (d) déanfaidh sé córais a choinneáil ar bun a chuirfidh ar a chumas dó na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn 52-03 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún a bhailiú agus a chomhroinnt;
- (e) soláthróidh sé na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún d’údarás inniúil na Ríochta Aontaithe go tráthrialta agus faoi na coinníollacha a leagtar amach ann;
- (f) tuairisceoidh sé aon ghníomhaíocht amhrasach a bhaineann le gluaiseacht beartán dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a)(iii)(bb) den Chinneadh seo d’údarás inniúil na Ríochta Aontaithe;
- (g) tabharfaidh sé freagra ar iarrataí *ad hoc* ó údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ar fhaisnéis bhreise;
- (h) Comhlíonfaidh sé aon treoracha ó údarás inniúil na Ríochta Aontaithe maidir le gluaiseachtaí beartán dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a)(iii)(bb) den Chinneadh seo.

Airteagal 14

Malartú faisnéise maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótocal

- 1. Gan dochar do na hoibleagáidí atá ar an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 5(4) den Phrótocal, arna léamh i gcomhar le Rialachán (CE) Uimh. 638/2004 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾, soláthróidh sí faisnéis don Aontas gach mí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal agus an Chinnidh seo. Is éard a bheidh san fhaisnéis sin toirteanna agus luachanna, i bhfoirm chomhiomlánaithe agus in aghaidh na coinsíneachta, chomh maith le modhanna iompair, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) earraí a tugadh isteach i dTuaisceart Éireann nach raibh aon dleachtanna custam iníoctha ina leith de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 5(1) den Phrótacal;
 - (b) earraí a tugadh isteach i dTuaisceart Éireann arb iad na dleachtanna custaim ab infheidhme ina leith na dleachtanna custaim ab infheidhme sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 5(1) den Phrótacal; agus
 - (c) earraí a tugadh isteach i dTuaisceart Éireann a raibh na dleachtanna custaim is iníoctha ina leith i gcomhréir le Comhtharaif Chustaim an Aontais.
2. Soláthróidh an Ríocht Aontaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar an 15ú lá oibre den mhí dár gcionn dá soláthraítear an fhaisnéis.
 3. Soláthrófar an fhaisnéis trí theicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid.
 4. Arna iarraidh sin d'ionadaithe an Aontais dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus dhá uair sa bhliain ar a laghad, soláthróidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe faisnéis i bhfoirm chomhiomlánaithe agus in aghaidh an údaráithe do na hionadaithe sin maidir leis na húdaruithe a dheonaítear de bhun Airteagail 9 go 12 den Chinneadh seo, lena n-áirítear líon na n-údaruithe a glacadh, a diúltaíodh agus a cúlghaireadh, agus áit bhunaithe shealbhóirí an údaráithe.

Airteagal 15

Roinn 2 den Chinneadh seo a athbhreithniú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh

1. Pléifidh an Comhchoiste cur i bhfeidhm na Roinne seo den Chinneadh seo mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt.
2. Féadfaidh an tAontas fógra a thabhairt don Ríocht Aontaithe laistigh den Chomhchoiste i gcásanna ina ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe an méid seo a leanas:
 - (a) go mainneoidh sí, ar bhealach marthanach, Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a chur chun feidhme trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhchoiste sin; nó
 - (b) 6 mhí tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) den Chinneadh seo nó aon tráth ina dhiaidh sin, go mainneoidh sí a áirithiú go mbeidh rochtain ag ionadaithe

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 638/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil earraí idir na Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3330/91 ón gComhairle (IO L 102, 7.4.2004, lch. 1).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1172/95 ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 23).

an Aontais ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear i bpointe a) i bhformáid inrochtana agus ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh siad in ann anailís riosca a dhéanamh lena n-áirítear patrúin treochtaí a bhí ann le déanaí agus patrúin stairiúla a shainaithint; nó

- (c) go míriarfaidh sí cur chun feidhme Airteagail 9 go 14 den Chinneadh seo agus larscríbhinn III a ghabhann leis ar bhealach tromchúiseach.

Tabharfaidh an tAontas don Ríocht Aontaithe na cúiseanna a bhfuil an fógra tugtha aige. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall chun réiteach sásúil atá sásúil don dá thaobh a fháil ar an ábhar. Mura n-aimseoidh na Páirtithe réiteach sásúil atá sásúil don dá thaobh laistigh de 30 lá oibre ón bhfógra, nó tréimhse is faide ná sin más amhlaidh a chinnfidh an Comhchoiste, scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu ón gcéad lá den mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin.

Sa chás dá dtagraítear san fhómhír roimhe seo, rachaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin láithreach sa Chomhchoiste agus déanfaidh siad a ndícheall teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh, nó teacht ar chomhaontú maidir le forálacha malartacha le haghaidh na tréimhse fionraíochta.

Má leigheastar an staid ba chúis leis an bhfógra sin, tabharfaidh an tAontas fógra don Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste. Sa chás sin, beidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa dara fómhír arís ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an dara fógra.

3. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt don Aontas sa Chomhchoiste i gcás ina scoirfidh gníomhartha an Aontais lena ndéantar foráil maidir le héascuithe a bhaineann le gluaiseacht earraí dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a)(ii) agus 7(1)(a)(iii) den Chinneadh seo de bheith i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, ar bhealach nach bhforálann siad a thuilleadh don leibhéal céanna éascaithe.

Soláthróidh an Ríocht Aontaithe don Aontas na cúiseanna leis an bhfógra a thabhairt. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall chun réiteach sásúil atá sásúil don dá thaobh a fháil ar an ábhar. Mura n-aimseoidh na Páirtithe réiteach atá sásúil don dá thaobh laistigh de 30 lá oibre ón bhfógra, nó tréimhse is faide ná sin más amhlaidh a chinnfidh an Comhchoiste, scoirfidh Airteagail 9, 10, 11 agus 14 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu ón gcéad lá den mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin agus ina ionad sin beidh feidhm ag rialacha atá comhionann leo siúd atá in Airteagail 5 go 8 de Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste.

Má leigheastar an staid ba chúis leis an bhfógra sin, tabharfaidh an Ríocht Aontaithe fógra don Aontas sa Chomhchoiste. Sa chás sin, beidh feidhm arís ag Airteagail 9, 10, 11 agus 14 den Chinneadh seo agus scoirfidh rialacha atá comhionann leo siúd atá in Airteagail 5 go 8 de Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste d'fheidhm a bheith acu ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an dara fógra.

4. Má mheasann ceachtar Páirtí go bhfuil atreorú trádála nach beag ann, nó calaois nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, cuirfidh an Páirtí sin an Páirtí eile sa Chomhchoiste ar an eolas bliain amháin ar a dhéanaí tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) den Chinneadh seo, agus déanfaidh na Páirtithe a ndícheall chun teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh. Mura n-aimseoidh na Páirtithe réiteach atá sásúil don dá thaobh, scoirfidh Airteagal 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu 24 mhí tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) den Chinneadh seo, mura gcinnfidh an Comhchoiste, laistigh de 18 mí ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) den Chinneadh seo, iad a choinneáil i bhfeidhm.

I gcás ina scoirfidh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii), agus Airteagail 9 go 14 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, leasóidh an Comhchoiste an Cinneadh seo 24 mhí ar a dhéanaí tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) den Chinneadh seo chun foráil mhalartach iomchuí a dhéanamh a bheidh infheidhme ó 24 mhí tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) den Chinneadh seo, ag féachaint do na himthosca sonracha i dTuaisceart Éireann agus urraim iomlán á tabhairt d'áit Thuaisceart Éireann i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe.

I gcás inar cuireadh Airteagail 7(1)(a)(ii), 7(1)(a)(iii), 7(1)(b)(ii) agus Airteagail 9 go 14 den Chinneadh seo ar fionraí i gcomhréir le mír 2(a) nó le mír 2(b) den Airteagal seo, déanfar na tréimhsí ama sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír a fhadú fad na fionraí sin.

Airteagal 16

Cinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste a aisghairm

Cuirfear an Roinn seo den Chinneadh seo in ionad Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste, a aisghairtear leis seo.

ROINN 3

Sásra um Chomhordú feabhsaithe a bhunú a bhaineann le feidhmiú an Phrótacail i réimsí CBL agus máil

Airteagal 17

Ábhar

1. Bunaítear leis seo Sásra um Chomhordú Feabhsaithe maidir le CBL agus mál a bhaineann le hearraí ('an Sásra').
2. Is é is cuspóir don Sásra cuidiú leis an gComhchoiste a chúram a chomhlíonadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm Airteagal 8 den Phrótacal maidir leis na forálacha i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal, agus áit lárnach Thuaisceart Éireann i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe á cur san áireamh, agus sláine mhargadh inmheánach an Aontais á háirithiú an tráth céanna.

Airteagal 18

Cúraimí

Leis an Sásra tabharfar cúnamh don Chomhchoiste an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) fóram a sholáthar le haghaidh comhordú feabhsaithe agus tráthúil ar mhalartú faisnéise ábhartha agus le haghaidh comhairliúcháin maidir le reachtaíocht CBL agus mháil na Ríochta Aontaithe agus an Aontais amach anseo aon uair a dhéanann sí difear go háirithe don trádáil in earraí i dTuaisceart Éireann mar gheall ar athruithe tábhachtacha a bheartaítear sa chreat reachtach is infheidhme nó mórdheacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar dheighilt na láimhseála earraí agus seirbhísí i réimse CBL;

- (b) fóram a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun cur chun feidhme rianúil na reachtaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) i dTuaisceart Éireann a ullmhú. Ba cheart sa mheasúnú sin féachaint go háirithe ar ualaí riaracháin míchuí agus costais neamhriachtanacha ar ghnólachtaí agus ar riaracháin chánach a sheachaint;
- (c) fóram a sholáthar chun plé a dhéanamh ar dheacrachtaí praiticiúla maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht CBL agus mháil na Ríochta Aontaithe agus an Aontais atá ann cheana mar is infheidhme de bhua an Phrótacail;
- (d) cinntí nó moltaí a ghlacadh i ndáil leis na forálacha i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal, agus drochthionchar ar rioscaí calaoise fiosaí agus ar aon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann san Aontas a sheachaint an tráth céanna. Ní dhéanfaidh na cinntí agus moltaí sin difear do leibhéal CBL agus an mháil a thoibhítear ar earraí; agus
- (e) aon bheart iomchuí eile a phlé agus a ghlacadh de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a eascraíonn as Airteagal 8 den Phrótacal a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

Airteagal 19

Oibríocht

1. Déanfaidh comhchathaoirligh an Choiste Speisialaithe um shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann arna bhunú le hAirteagal 165(1)(c) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Coiste Speisialaithe') cruinnithe sonracha den Choiste Speisialaithe a thionól chun CBL agus máil a bhaineann le hearraí a phlé de réir mar is gá. An Sásra um Chomhordú Feabhsaithe ar CBL agus ar mhál a thabharfar ar na cruinnithe sin.

Ainmneoidh gach comhchathaoirleach an Choiste Speisialaithe príomhshaineolaí i réimse CBL agus máil ('na príomhshaineolaithe').

2. Eagrófar cruinnithe den Sásra nuair is gá. Féadfaidh na príomhshaineolaithe tuairimí a mhalartú go neamhfhoirmiúil idir cruinnithe an tSásra agus féadfaidh siad teacht le chéile go neamhfhoirmiúil freisin. Tar éis gach cruinnithe neamhfhoirmiúil, déanfaidh na príomhshaineolaithe miontuairiscí a tharraingt suas agus seolfaidh siad iad chuig comhchathaoirligh an Choiste Speisialaithe agus na meithle comhairlí comhpháirtí arna bunú le hAirteagal 15 den Phrótacal ('an mheitheal chomhairleach chomhpháirteach').

3. Cuirfidh na príomhshaineolaithe tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid chomhchathaoirligh an Choiste Speisialaithe ina ndéanfar achoimre ar thoradh an phlé ar shaincheist ar leith agus ina leagfar amach aon ghníomhaíocht a mholtar, lena n-áirítear aon saincheist nach bhféadfaí teacht ar chomhaontú ina leith.

4. Féadfaidh na príomhshaineolaithe cuireadh a thabhairt d'ionadaithe tríú páirtithe nó do shaineolaithe eile labhairt ar ábhair áirithe. Cuirfidh siad ainmneacha na saineolaithe sin in iúl do chomhchathaoirligh an Choiste Speisialaithe.

Féadfaidh comhchathaoirligh na meithle comhairlí comhpháirtí freastal ar chruinnithe an tSásra. Féadfaidh comhchathaoirligh na meithle comhairlí comhpháirtí na príomhshaineolaithe a chur ar an eolas faoi ghníomhartha de chuid an Aontais atá beartaithe agus faoi shaincheisteanna eile maidir le CBL agus mál a bhaineann le hearraí.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste agus na gCoistí Speisialaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an

gComhaontú um Tharraingt Siar maidir leis an Sásra mura bhforáiltear a mhalairt sa Chinneadh seo.

Airteagal 20

Tograí le haghaidh cinntí nó moltaí a bhaineann leis an roinn seo

Ar bhonn na tuarascála deiridh ó na príomhshaineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(3), féadfaidh an Coiste Speisialaithe tograí a tharraingt suas le haghaidh cinntí nó moltaí agus iad a tharchur lena nglacadh ag an gComhchoiste. Leagfar amach sna tograí sin an méid seo a leanas:

- (a) na saincheisteanna arna sainaithint go comhpháirteach ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8 den Phrótacal; agus
- (b) na réitigh atá beartaithe.

Airteagal 21

Athbhreithniú ar an roinn seo

Déanfar athbhreithniú rialta ar an Sásra agus, más iomchuí, athbhreithneofar é.

Déanfar an chéad athbhreithniú faoin 1 Eanáir 2027, ar a dhéanaí.

ROINN 4

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 22

Beidh Iarscríbhinní I go IV ina gcuid lárnach den Chinneadh seo.

Airteagal 23

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.
2. Beidh feidhm ag Ranna 1, 3 agus 4 ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo ar aghaidh.
3. Beidh feidhm ag Airteagail 9, 11 agus 12 den Chinneadh seo agus ag Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo ar aghaidh. Ón dáta sin ar aghaidh, scoirfidh Airteagail 5 agus 7 de Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste d'fheidhm a bheith acu. Leanfaidh údarú a dheonaítear de bhun Airteagail 5 agus 7 de Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste de bheith bailí go dtí an dáta a mbeidh feidhm ag forálacha an Chinnidh seo, cé is moite d'Airteagail

7(1)(a)(iii), 9, 11, 12, 13 agus 15(3), i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. Aon údarú a dheonaítear faoi Airteagail 9 agus 11 den Chinneadh seo, déileálfar leis mar údarú a deonaíodh faoi Airteagail 5 agus 7 de Chinneadh 4/2020 ón gComhchoiste fad is a bheidh feidhm ag forálacha eile Chinneadh 4/2020 ón gComhchoiste.

4. Faoi réir an dara fomhír, beidh feidhm ag forálacha eile an Chinnidh seo, cé is moite d'Airteagal 7(1)(a)(iii), Airteagal 13 agus Airteagal 15(3), ón 30 Meán Fómhair 2023 ar aghaidh, ar choinníoll go ndéanfar na dearbhuithe seo a leanas laistigh den Chomhchoiste:

- (a) dearbhú ón Aontas á rá go bhfuil sé sásta maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (i) an chaoi a bhfuil Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhchoiste sin; agus
 - (ii) go bhfuil gach clárú XI EORI atá ann cheana eisithe i gceart; agus
 - (iii) gur eisigh an Ríocht Aontaithe treoir nua maidir le beartáin i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach sa Chinneadh seo; agus
 - (iv) gur eisigh an Ríocht Aontaithe a dearbhú aontaobhach maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a thugtar amach as Tuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe.
- (b) dearbhú ón Ríocht Aontaithe á rá gur deonaíodh údaruithe i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 11 den Chinneadh seo agus le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo do gach allmhaireoir ar mian leis oibriú faoi Airteagal 7(1)(a)(ii) agus Airteagal 7(1)(b)(ii) den Chinneadh seo.

Mura mbeidh aon cheann de na dearbhuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír déanta faoi 30 Meán Fómhair 2023, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh seo, cé is moite d'Airteagail 7(1)(a)(iii), 9, 11, 12, 13 agus 15(3), ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe sin.

5. Ar choinníoll go mbeidh gníomhartha an Aontais lena ndéantar foráil maidir le héascuithe a bhaineann le gluaiseacht earraí dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a)(ii) agus 7(1)(a)(iii) den Chinneadh seo tagtha i bhfeidhm agus faoi réir an dara fomhír, beidh feidhm ag Airteagal 7(1)(a)(iii), Airteagal 13 agus Airteagal 15(3) ón 30 Meán Fómhair 2024 ar aghaidh, ar choinníoll go ndéanfar na dearbhuithe seo a leanas sa Chomhchoiste:

- (a) dearbhú ón Aontas á rá go bhfuil sé sásta go bhfuil an Ríocht Aontaithe tar éis na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a bhunú i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(10)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún atá le soláthar d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil sé sásta leis an gcaoi ar chuir an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 den Chinneadh ón gComhchoiste Uimh. 6/2020 chun feidhme trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, sna córais faisnéise agus sna bunachair sonraí sin; agus
- (b) dearbhú ón Ríocht Aontaithe á rá go bhfuil gach iompróir údaráithe in ann na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 13 den Chinneadh seo a chomhlíonadh.

Má dhéantar an dá dhearbhu dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos luaithe ná an 30. Meán Fómhair 2024 nó i gcás nach ndearnadh aon cheann de na dearbhuithe dá dtagraítear sa chéad mhír faoin dáta sin, beidh feidhm ag Airteagal 7(1)(a)(iii), Airteagal 13 agus

Airteagal 15(3) ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe sin.

Arna dhéanamh in XX, XX 2023

Thar ceann an Chomhchoiste
Na
Comhchathaoirligh

IARSCRÍBHINN I

Dearbhú Aontaobhach ón Ríocht Aontaithe Rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998

1. Glacfaidh an Ríocht Aontaithe an nós imeachta seo a leanas chun sásra an choscáin éigeandála in Airteagal 13(3a) de Chreat Windsor a oibriú⁶. Beidh feidhm ag an sásra sin in imthosca uathúla an Dearbhaithe seo agus tá sé gan dochar do stádas vótála trasphobail ná do choimircí i gComhaontú 1998, a bhfuil feidhm acu go heisiach maidir le hábhair chineachta, agus leo sin amháin.
 - a. Oibreoidh an sásra go heisiach sa chás ina mbeidh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i réim arís agus ina mbeidh sé ag feidhmiú, tar éis dháta an dearbhaithe seo, agus sa chás sin amháin, agus é san áireamh leis sin má bhíonn sé ag oibriú in éineacht le Céad-Aire agus Leas-Chéad-Aire sa phost, agus má bhíonn Tionól Thuaisceart Éireann i seisiún rialta. Ina dhiaidh sin, ní mór do na Comhaltaí den Tionól Reachtach ar mian leo an sásra a oibriú a bheith ag iarraidh de mheon macánta, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, na hinstitiúidí a oibriú go hiomlán, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí Airí a ainmniú agus trí thacaíocht a thabhairt do ghnáthoibriú an Tionóil.
 - b. Feidhmeoidh an íostairseach le haghaidh an tsásra ar an mbonn céanna leis an bpróiseas ar leith ‘achainí ar bhonn ábhar buartha’ laistigh de Chomhaontú 1998, arna thabhairt cothrom le dáta tríd an gComhaontú ‘New Decade, New Approach’ [Deacáid nua, Cur Chuige nua] in 2020. Ciallaíonn sé sin nach mór 30 Comhalta den Tionól Reachtach ó dhá pháirtí ar a laghad (agus an Cainteoir agus na Leas-Chainteoirí as an áireamh) fógra a thabhairt do Rialtas na Ríochta Aontaithe gur mian leo go gcuirfí sásra an choscáin éigeandála i bhfeidhm.
 - c. Agus fógra á thabhairt do Rialtas na Ríochta Aontaithe, beidh ar na Comhaltaí den Tionól Reachtach an méid seo a leanas a léiriú, i míniú mionsonraithe i scríbhinn a bheidh ar fáil go poiblí:
 - i. gur chomhlíon siad na ceanglais chéanna a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Cuid 2 den Chomhaontú ‘New Decade, New Approach’, is é sin nach bhfuil an fógra á thabhairt ach amháin sna himthosca is eisceachtúla agus mar rogha dheireanach, tar éis gach sásra eile atá ar fáil a úsáid;
 - ii. gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d’Airteagal 13(3a) de Chreat Windsor; agus
 - iii. gur iarr Comhaltaí den Tionól Reachtach plé substainteach roimh ré le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus laistigh d’Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le gníomh an Aontais; go ndearnadh bearta chun dul i gcomhairle le gnólachtaí, trádálaithe eile agus leis an tsochaí shibhialta a ndéanann gníomh ábhartha an Aontais difear dóibh; agus gur bhain siad úsáid réasúnach as na próisis chomhairliúcháin is infheidhme arna soláthar ag an Aontas Eorpach le haghaidh gníomhartha nua an Aontais atá ábhartha maidir le Tuaisceart Éireann.

⁶ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

2. Má ghlacann an Ríocht Aontaithe leis gur comhlíonadh na coinníollacha i mír 1(a) agus (b) agus go bhfuil an míniú a thugtar faoi mhír 1(c) sásúil, tabharfaidh sí fógra don Aontas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 13(3a) de Chreat Windsor.
3. Geallann an Ríocht Aontaithe, tar éis di fógra a fháil ó Chomhaltaí den Tionól Reachtach, go gcuirfidh sí an tAontas ar an eolas gan mhoill.
4. Tar éis fógra a thabhairt don Aontas go ndearnadh an coscán éigeandála a ghníomhachtú, geallann an Ríocht Aontaithe dianchomhairliúcháin a dhéanamh sa Chomhchoiste maidir leis an ngníomh ábhartha de chuid an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 13(4) de Chreat Windsor.

IARSCRÍBHINN II

Iarratas ar Údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann le haghaidh tomhaltóirí deiridh

(dá dtagraítear in Airteagal 9 den Chinneadh)

Eolas maidir le hIarratas

1. Doiciméid tacaíochta

Doiciméid tacaíochta éigeantacha agus faisnéis éigeantach atá le soláthar ag na hiarratasóirí go léir:

Doiciméad um bhunú an ghnólachta/cruthúnas ar bhuanbhunaíocht ghnó

2. Doiciméid tacaíochta agus faisnéis eile atá le soláthar ag an iarratasóir:

Aon doiciméad tacaíochta eile nó aon fhaisnéis tacaíochta eile a mheastar a bheith ábhartha chun a sheiceáil an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 den Chinneadh seo.

Tabhair faisnéis faoi chineál agus, más infheidhme, uimhir aitheantais agus/nó dáta eisiúna an doiciméid tacaíochta/na ndoiciméad tacaíochta atá i gceangal leis an iarratas. Sonraigh freisin líon iomlán na ndoiciméad atá i gceangal.

3. Dáta agus síniú an iarratasóra

Aon iarratas a dhéanfar trí theicníc leictreonach próiseála sonraí a úsáid, déanfaidh an duine a thaiscfídh an t-iarratas iad a fhíordheimhniú.

An dáta a shínigh an t-iarratasóir an t-iarratas nó a fhíordheimhnikh sé ar shlí eile é.

Sonraí an iarratasóra

4. Iarratasóir

Is é an t-iarratasóir an duine a dhéanann iarratas ar chinneadh chuig na húdaráis chustaim.

Cuir isteach ainm agus seoladh an duine lena mbaineann.

5. Uimhir aitheantais an iarratasóra

Is é an t-iarratasóir an duine a dhéanann iarratas ar chinneadh chuig na húdaráis chustaim.

Cuir isteach uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (uimhir EORI), an duine lena mbaineann, dá bhforáiltear in Airteagal 1(18) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún⁽⁷⁾.

6. Stádas dlíthiúil an iarratasóra

An stádas dlíthiúil mar a luaitear sa doiciméad um bhunú.

7. Uimhir/uimhreacha aitheantais CBL

I gcás inar sannadh uimhir aitheantais CBL nó uimhreacha aitheantais CBL, cuir isteach an uimhir nó na huimhreacha sin.

⁷ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 28.12.2015, lch. 1).

8. Gníomhaíochtaí gnó

Cuir isteach faisnéis faoi ghníomhaíocht ghnó an iarratasóra. Tabhair tuairisc ghairid ar do ghníomhaíocht tráchtála agus luaigh do ról i slabhra an tsoláthair (e.g. monaróir earraí, allmhaireoir, miondíoltóir, etc.). Tabhair tuairisc ghairid ar an méid seo a leanas:

- an úsáid a bheartaítear a bhaint as na hearraí allmhairithe, lena n-áirítear tuairisc ar chineál na n-earraí agus tuairisc faoi cé acu a dhéanfar aon chineál próiseála orthu nó nach ndéanfar.
- meastachán ar líon na ndearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcás na n-earraí lena mbaineann atá le déanamh in aghaidh na bliana.
- an cineál taifead, córas agus rialuithe a cuireadh i bhfeidhm chun tacú leis an ngealltanas in Airteagal 10(b).

9. Láimhdeachas bliantúil

Chun críocha Airteagal 6 den Chinneadh, cuir isteach an láimhdeachas bliantúil le haghaidh na bliana airgeadais iomláine is déanaí. I gcás gnólacht nuabhunaithe, ní mór na taifid agus an fhaisnéis a sholáthar de réir mar is ábhartha chun go bhféadfar meastachán a dhéanamh ar an láimhdeachas ionchais e.g. an cuntas is déanaí ar an sreabhadh airgid, an clár comhardaithe agus réamhaisnéisí brabúis agus caillteanais, arna bhformheas ag na stiúrthóirí/ag na comhpháirtithe/ag an dílseánach aonair.

10. An duine teagmhála atá freagrach as an iarratas

Beidh an duine teagmhála freagrach as teagmháil a choinneáil leis na húdaráis chustaim maidir leis an iarratas.

Cuir isteach ainm an teagmhálaí agus aon cheann díobh seo a leanas: uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist (seoladh bosca ríomhphoist fheidhmiúil ab fhearr a thabhairt)

11. An duine atá freagrach as an gcuideachta is iarratasóir nó a fheidhmíonn rialú ar bhainistíocht na cuideachta sin

Chun críocha Airteagal 11(b) den Chinneadh, cuir isteach ainm/ainmneacha agus sonraí iomlána an duine nó na ndaoine lena mbaineann de réir bhunaíocht dhlíthiúil/fhoirm dhlíthiúil na cuideachta is iarratasóir, go háirithe: stiúrthóir/bainisteoir na cuideachta agus comhaltaí an bhoird stiúrtha, más ann dóibh. Ba cheart a áireamh sna sonraí: ainm agus seoladh iomlán, agus dáta breithe agus Uimhir Aitheantais Náisiúnta.

Dátaí, tráthanna, tréimhsí agus áiteanna

12. An dáta bunaithe

Cuir isteach – i bhfigiúirí – lá, mí agus bliain an dáta bunaithe.

13. Seoladh na bunaíochta/seoladh cónaithe

Seoladh iomlán na háite ina bhfuil an duine bunaithe/ina bhfuil cónaí air, lena n-áirítear aitheantóir na tíre nó na críche.

14. An áit a gcoimeádtar taifid

Cuir isteach seoladh iomlán an tsuímh/na suíomhanna ina gcoimeádtar taifid an iarratasóra nó ina bheartaítear iad a choinneáil. Féadfar an cód NA/LOCODE a thabhairt in ionad an tseolaidh, má thugann sé tuairisc neamh-dhébhrioch ar chéannacht an tsuímh lena mbaineann.

15. An áit nó na háiteanna ina ndéanfar an phróiseáil nó an úsáid

Sonraigh, le do thoil, seoladh na háite ina ndéanfar an phróiseáil ar na hearraí, i gcás inarb infheidhme, agus a ndíolfar leis na tomhaltóirí deiridh iad.

Iarscríbhinn III

Míniú ar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 11

Is míniú í an Iarscríbhinn seo ar na coinníollacha in Airteagal 11 agus ní athraítear (ní sriantar ná ní leathnaítear) na coinníollacha sin léi.

Airteagal 11(1)(b)

1. Measfar an critéar a leagtar síos in Airteagal 11(1)(b) den Chinneadh seo a bheith comhlíonta más rud é:

- (a) nach ndearna údarás riaracháin ná údarás breithiúnach cinneadh go ndearna duine de na daoine a dtugtar tuairisc orthu i bpointe (b) sárú tromchúiseach nó sraith sárúithe ar reachtaíocht chustaim nó ar rialacha cánachais i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch laistigh de 3 bliana roimh an iarratas; agus
- (b) nach bhfuil aon taifead ag aon duine de na daoine seo a leanas ar chion coiriúil tromchúiseach i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch agus, i gcás inarb infheidhme, i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch an iarratasóra:
 - (i) an t-iarratasóir,
 - (ii) an fostaí nó na fostaithe, lena n-áirítear aon ionadaí díreach atá freagrach as riarachán an iarratasóra maidir le gluaiseacht earraí faoin scéim seo,
 - (iii) an duine nó na daoine atá freagrach as an iarratasóir nó a fheidhmíonn rialú ar bhainistíocht an iarratasóra, agus
 - (iv) duine atá ag gníomhú ina ainm féin agus thar ceann an iarratasóra maidir le gluaiseacht earraí faoin scéim seo.

2. Mar sin féin, féadfar a mheas go bhfuil an critéar comhlíonta i gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil miontábhacht ag baint le haon sárú, i ndáil le líon nó méid na n-oibríochtaí gaolmhara, agus nach bhfuil aon amhras ar an údarás inniúil maidir le meon macánta an iarratasóra.

3. I gcás ina bhfuil an duine dá dtagraítear i mír 1(b)(iii), seachas an t-iarratasóir, bunaithe lasmuigh den Ríocht Aontaithe nó ina bhfuil cónaí air lasmuigh den Ríocht Aontaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar chomhlíonadh an chritéir dá dtagraítear ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil dó.

4. I gcás inar bunaíodh an t-iarratasóir le níos lú ná 3 bliana, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar chomhlíonadh an chritéir maidir leis an iarratasóir ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil dó.

Airteagal 11(1)(c)

Measfar an critéar a leagtar síos in Airteagal 11(1)(c) den Chinneadh seo a bheith comhlíonta más rud é:

5. Go bhfuil eagrúchán riaracháin agus rialuithe inmheánacha ag an iarratasóir a fhreagraíonn do chineál agus méid an ghnó, agus atá oiriúnach chun sreabhadh na n-earraí a bhainistiú. Ní mór rialuithe inmheánacha a bheith ag iarratasóirí atá in ann earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha laistigh dá n-eagraíocht a chosc agus a bhrath.

6. Ba cheart don iarratasóir a thaispeáint go gcoinnítear taifead leordhóthanach maidir le gluaiseacht earraí faoin scéim seo. Ba cheart a léiriú nósanna imeachta maidir le cosaint ar chailleadh faisnéise agus nósanna imeachta maidir le cartlannú i ndáil le taifid stairiúla a choinneáil, lena n-áirítear measúnú, cúltaca agus cosaint taifead ar feadh 5 bliana.
7. Ba cheart bainistiú taifead a bheith comhsheasmhach leis na prionsabail chuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe.
8. Ba cheart taifid ar ghluaiseachtaí earraí isteach i dTuaisceart Éireann a chomhtháthú sa chóras cuntasaíochta nó, nuair a choinnítear ar leithligh iad, ba cheart deis a bheith ann cros-seiceálacha a cheadú idir taifid a bhaineann le ceannacháin, díolacháin, rialú stoic agus gluaiseacht earraí.
9. Tabharfaidh an trádálaí údaraithe rochtain leictreonach agus/nó fhisiceach don údarás inniúil, arna iarraidh sin, ar na taifid dá dtagraítear i bpointe 8 i bhformáid oiriúnach.
10. Tá sé d'oibleagáid ar an trádálaí údaraithe údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe a chur ar an eolas aon uair a aimsítear deacrachtaí maidir le comhlíonadh chomh maith le haon toisc a thagann chun cinn tar éis an chinnidh stádas trádálaí údaraithe a dheonú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leanúint ar aghaidh nó ar ábhar an stádais sin. Ba cheart treoracha inmheánacha a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann ábhartha ar an eolas faoi conas an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi dheacrachtaí comhlíontachta den sórt sin.
11. I gcás ina bhfuil earraí toirmisce agus srianta á láimhseáil ag trádálaithe údaraithe, ba cheart nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm chun na hearraí sin a láimhseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.
12. Ní mór fianaise a bheith ag trádálaí údaraithe maidir lena chustaiméirí chun a áirithiú gur féidir leo measúnuithe cruinne a dhéanamh maidir le hearraí a ghluaistear faoin scéim seo. Ní mór bearta a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú nach ndéanfar aon earra a ghluaistear faoin scéim seo a dhíol ná a úsáid ach amháin i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhchoiste seo. Beidh sé d'oibleagáid ar an trádálaí údaraithe tuiscint leanúnach a choinneáil ar bun ar oibríochtaí gnó cliant nua agus cliant atá ann cheana, tuiscint ar leor í chun a áirithiú go gcomhlíonfar na critéir a leagtar síos le haghaidh trádálaí iontaofa sa Chinneadh ón gComhchoiste seo. Seo a leanas samplaí de chásanna ina bhféadfadh trádálaí údaraithe nach bhfuil freagrach as ceann scríbe deiridh na n-earraí earraí a gluaiseacht faoin scéim:
 - a. dearbhú scríofa agus sínithe ón gcustaiméir ina luaitear go bhfanfaidh na hearraí i dTuaisceart Éireann;
 - b. fianaise nach ndéanann an custaiméir ach díolacháin mhiondíola le haghaidh úsáid deiridh nó tomhaltas deiridh sa Ríocht Aontaithe ó ionad díolacháin fisiceach i dTuaisceart Éireann;
 - c. fianaise nach ndíolann an custaiméir ach earraí le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe agus a sheachadtar laistigh den Ríocht Aontaithe;
 - d. conarthaí tráchtála agus orduithe ceannaigh lena léirítear go mbeidh earraí le haghaidh úsáid deiridh sa Ríocht Aontaithe;
 - e. fianaise go mbaineann an díolachán le hearra atá le suiteáil go buan laistigh den Ríocht Aontaithe.

Airteagal 11(1)(d)

13. Measfar an critéar a leagtar síos in Airteagal 11(1)(d) den Chinneadh seo a bheith comhlíonta i gcás ina seiceálfaidh an t-údarás inniúil go gcomhlíonann an t-iarratasóir an méid seo a leanas go háirithe:

- a. níl an t-iarratasóir faoi réir imeachtaí féimheachta;
- b. le linn na 3 bliana a chuaigh thart roimh chur isteach an iarratais, chomhlíon an t-iarratasóir na hoibleagáidí airgeadais atá air maidir le dleachtanna custaim a íoc agus maidir le gach dleacht, cáin nó muirear eile a bhailítear i leith earraí a allmhairiú nó a onnmhairiú nó i ndáil le hearraí sin a allmhairiú nó a onnmhairiú;
- c. léiríonn an t-iarratasóir gurb amhlaidh, ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil le haghaidh na 3 bliana a chuaigh thart roimh chur isteach an iarratais, go bhfuil seasamh airgeadais leordhóthanach chun na hoibleagáidí atá air a chomhlíonadh agus chun comhlíonadh a dhéanamh ar na ceangaltais atá air maidir le cineál agus méid na gníomhaíochta gnó.

14. Más rud é gur bunaíodh an t-iarratasóir le níos lú ná 3 bliana, déanfar a shócmhainneacht airgeadais a sheiceáil ar bhonn na dtaifead agus na faisnéise atá ar fáil.

Airteagal 11(1)(e)

Measfar an critéar a leagtar síos in Airteagal 11(1)(e) den Chinneadh seo a bheith comhlíonta más rud é:

15. Ba cheart don iarratasóir nó don duine atá i gceannas ar riarachán an iarratasóra maidir le gluaiseacht earraí faoin scéim seo a bheith in ann tuiscint shoiléir a léiriú ar na hoibleagáidí atá air i ndáil leis na critéir sin, agus conas iad a chomhlíonadh, agus ní mór dó inniúlacht leordhóthanach a léiriú maidir le faisnéis chruinn a sholáthar don údarás inniúil i ndáil leis na hoibleagáidí sin agus na nósanna imeachta is infheidhme.

Catagóir 1

Is iad na hearraí dá dtagraítear mar ‘earraí de chatagóir 1’ na hearraí sin atá faoi réir na nithe seo a leanas:

1. Bearta sriantacha atá i bhfeidhm bunaithe ar Airteagal 215 CFAE, a mhéid a bhaineann siad le trádáil earraí idir an tAontas agus tríú tíortha;
2. Toirmeasc nó cosc iomlán;
3. Ionstraimí cosanta trádála mar a leagtar amach i roinn 5 d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal;
4. Taraif-chuótaí an Aontais i gcás ina n-éilíonn an t-allmhaireoir an cuóta;
5. Cuótaí an Aontais seachas taraif-chuótaí.

Catagóir 2

Is iad na hearraí dá dtagraítear mar ‘earraí de chatagóir 2’ na hearraí sin atá faoi réir na nithe seo a leanas:

1. Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí
2. Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle
3. Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid
4. Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola
5. Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008
6. Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil
7. Rialachán (CEE) Uimh. 3254/91 ón gComhairle an 4 Samhain 1991 lena gcuirtear toirmeasc ar úsáid gaistí greimchoise sa Chomhphobal agus ar fhionnadh agus earraí monaraithe a thabhairt isteach sa Chomhphobal ó speicis fhiáine ar de thionscnamh tíortha iad a bheireann orthu trí bhíthin gaistí greimchoise nó modhanna gaisteoireachta nach bhfuil ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta i ndáil le gaisteoireacht dhaonnúil
8. Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach
9. Treoir 2006/117/Euratom ón gComhairle an 20 Samhain 2006 maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta
10. Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a chur ar bun i gcás allmhairí adhmaid sa Chomhphobal Eorpach

11. Treoir 83/129/CEE ón gComhairle an 28 Márta 1983 maidir le craicne laonna róin áirithe agus táirgí a ndíorthaítear uathu a allmhairiú isteach sna Ballstáit
12. Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le trádáil i dtáirgí róin
13. Treoir 2014/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar fáil ar an margadh agus a mhaoirsiú
14. Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh
15. Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán
16. Treoir 91/477/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1991 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú
17. Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach
18. Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley um thrádáil idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha
19. Taraif-chuótaí an Aontais i gcás nach n-éilíonn an t-allmhaireoir an cuóta
20. Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), ach amháin i gcás ina bhfuil na hearraí faoi réir an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle freisin maidir le rialacha sonracha a bhaineann le coinsíneachtaí áirithe earraí miondíola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí áirithe a oibrítear chun críoch talmhaíochta nó foraoiseachta a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann mar a ghlacfar iad ar bhonn [tagairt don togra ón gCoimisiún atá le cur isteach roimh dháta chruinniú an Chomhchoiste]
21. Gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal
22. Gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear i bpointe 20 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal
23. Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú
24. Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún

25. Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

26. Aon ghníomh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir leis an bPrótacal lena ndéantar foráil maidir le haon chéimeanna nach mór d'oibreoir eacnamaíoch nó d'údarás inniúil comhpháirtíochta a dhéanamh sula dtagann earraí isteach san Aontas, nó nuair a thagann siad isteach san Aontas, chun na hearraí a rialú nó foirmiúlachtaí eile a rialú. Cuirfidh an tAontas an Ríocht Aontaithe ar an eolas gan mhoill i gcás ina bhfuil gníomh de chuid an Aontais den chineál dá dtagraítear sa chéad abairt

**DRÉACHTMHOLADH UIMH. [...] /2023 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH
LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE
MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR
AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO
FHUINNEAMH ADAMHACH**

an ...

maidir le faireachas ar an margadh agus maidir le forfheidhmiú

AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach⁸ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 166(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 166(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar gur de chomhthoil a dhéanfar moltaí.
- (2) Faoi Airteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is cuid lárnach den Chomhaontú sin é an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal').
- (3) Beartaítear le hAirteagal 6(2) den Phrótacal go mbunófar socruithe sonracha maidir le gluaiseacht earraí laistigh de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, i gcomhréir le seasamh Thuaisceart Éireann mar chuid de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an bPrótacal, i gcás ina mbeidh na hearraí ceaptha chun tomhaltais deiridh nó chun úsáide deiridh i dTuaisceart Éireann agus i gcás ina mbeidh na coimircí is gá i bhfeidhm chun sláine mhargadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais a chosaint i gcomhréir leis an bPrótacal,

TÁ AN MOLADH SEO A LEANAS DÉANTA AIGE:

Airteagal 1

Tá an méid seo a leanas á mholadh ag an gComhchoiste don Aontas agus don Ríocht Aontaithe:

I gcomhthéacs na socruithe sonracha a bheartaítear faoi Airteagal 6(2) den Phrótacal, ba cheart uirlisí faireachais margaidh agus uirlisí forfheidhmiúcháin a úsáid i gcomhar chun faireachán a dhéanamh ar an sreabhadh earraí agus chun aon riosca go bhféadfadh earraí teacht isteach san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe go neamhdhleathach a bhainistiú.

⁸ [IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.](#)

Le comhar feabhsaithe idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, agus idir an Ríocht Aontaithe agus údaráis na mBallstát i gcás inarb iomchuí, i ndáil le gníomhaíocht éifeachtach faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin, ba cheart tacú leis na socruithe sin. Ba cheart go dtacódh sé sin le faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na socruithe sin gan gá le haon seiceálacha ná rialuithe ag an teorainn idir Tuaisceart Éireann agus Éire.

D'fhéadfaí a chuimsiú sa chomhar sin comhroinnt eolais, malartú faisnéise, obair le hoibreoirí agus gníomhaíocht chomhpháirteach i gcás inarb iomchuí, go háirithe idir údaráis i dTuaisceart Éireann agus sna Ballstáit ábhartha, chun dul i ngleic le gníomhaíocht neamhdhleathach agus smuigleáil, chun a áirithiú nach gcuirfear earraí ar an margadh nach gcomhlíonann na caighdeáin is infheidhme, agus chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do ghníomhaíocht forfheidhmithe agus faireachais bunaithe ar rioscaí agus ar fhaisnéis. Áiríteoidh na húdaráis freisin feachtas lucht gnó agus oibreoirí ar an rochtain ar an margadh atá ar fáil d'earraí atá ag gluaiseacht idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas, i gcás ina gcomhlíonann na hearraí sin na ceanglais is infheidhme, i gcomhréir leis an bPrótocal.

Ba cheart don Ríocht Aontaithe agus don Aontas oibriú go cuiditheach trí struchtúir an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, lena n-áirítear an Comhchoiste, chun tacú le feidhmiú éifeachtach na socruithe nua, chun leas na ndaoine agus na n-gnólachtaí i dTuaisceart Éireann.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an Moladh seo an lá tar éis an dáta a dhéanfar é.

Arna dhéanamh in XX, XX 2023

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

**DRÉACHTMHOLADH UIMH. [...] /2023 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH
LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE
MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR
AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO
FHUINNEAMH ADAMHACH**

an ...

maidir le hAirteagal 13(3a) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann

AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach⁹ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 166(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 166(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar gur de chomhthoil a dhéanfar moltaí.
- (2) Faoi Airteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is cuid lárnach den Chomhaontú sin é an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal').
- (3) I gcás inar rialaigh painéal eadrána gur mhainnigh an Ríocht Aontaithe na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fómhír d'Airteagal 13(3a) den Phrótacal a chomhlíonadh, ba cheart comhlíonadh tapa leis an rialú sin ón bpainéal eadrána a bhaint amach,

TÁ AN MOLADH SEO A LEANAS DÉANTA AIGE:

Airteagal 1

Tá an méid seo a leanas á mholadh ag an gComhchoiste don Aontas agus don Ríocht Aontaithe:

I gcás inar rialaigh an painéal eadrána, i gcomhréir le hAirteagal 175 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe an tríú fómhír d'Airteagal 13(3a) den Phrótacal, comhaontaíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an fhógra sin, chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh, agus de réir mar a bheidh, a mhéid a bheidh, go mbeidh feidhm ag an ngníomh de chuid an Aontais arna leasú nó arna ionadú le gníomh sonracha de chuid an Aontais, mar a shainmhínítear in Airteagal 13(3a) den Phrótacal, ón gcéad lá den dara mí tar éis an fógra faoin rialú ón bpainéal eadrána a thabhairt don Aontas agus don Ríocht Aontaithe.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an Moladh seo an lá tar éis an dáta a dhéanfar é.

⁹ [IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.](#)

Arna dhéanamh in XX, XX 2023

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh

IARSCRÍBHINN 2

**DRÉACHT-DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Uimh. XX/2023 ÓN AONTAS
AGUS ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA CHOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS
AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE
MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR
AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO
FHUINNEAMH ADAMHACH**

an XX 2023

Mar léiriú ar na socruithe a leagtar síos i gCinneadh Uimh. XX/2023 ón gComhchoiste, ba cheart ‘Creat Windsor’ a thabhairt anois ar an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (‘an Prótacal’), arna leasú leis an gCinneadh sin ón gComhchoiste.

Dá bhrí sin, i gcás inarb ábhartha i ndéileálacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, tagrófar don Phrótacal, arna leasú le Cinneadh Uimh. XX/2023 ón gComhchoiste, i gcomhréir le ceanglais na deimhneachta dlíthiúla, mar ‘Chreat Windsor’. Féadfar tagairt don Phrótacal, arna leasú le Cinneadh Uimh. XX/2023 ón gComhchoiste, mar ‘Chreat Windsor’ i ndlí náisiúnta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe.

**DRÉACHT-DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT
AONTAITHE SA CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ
MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS
EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH
ADAMHACH**

an XX 2023

maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 10(1) de Chreat Winsor¹⁰

Le forálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, rialaítear na hoibleagáidí rialaithe fóirdheontais idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas i gcoitinne agus áirithítear leo cothrom iomaíochta idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas.

Airteagal 10(1) den Chreat Winsor, is ann dó ar leithligh ó na forálacha sin. Is léiriú é Creat Windsor ar an rochtain uathúil atá ag Tuaisceart Éireann ar mhargadh inmheánach an Aontais agus ar é a bheith ina chuid dhílis de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thuiscint nach bhfuil Airteagal 10(1) de Chreat Winsor ábhartha ach amháin maidir le trádáil in earraí nó ar an margadh leictreachais (dá ngairtear earraí anseo feasta) idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas rud atá faoi réir Chreat Winsor.

An 17 Nollaig 2020, rinne an tAontas an dearbhú aontaobhach seo a leanas sa Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 164 den Chomhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach: *‘Agus Airteagal 107 CFAE á chur i bhfeidhm aige maidir le cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Phrótacal, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach aird chuí ar é a bheith ina chuid dhílis de Thuaisceart Éireann i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe. Cuireann an tAontas Eorpach i bhfios go láidir, i gcás ar bith, i gcás éifeacht atá faoi réir an Phrótacail seo ar thrádáil idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas, nach féidir leis a bheith hipitéiseach, toimhdithe, nó gan nasc fírinneach díreach le Tuaisceart Éireann. Ní mór a shuí cén fáth a bhféadfadh tionchar den sórt sin a bheith ag an mbeart ar thrádáil idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas, bunaithe ar fhíoréifeachtaí intuartha an bhirt.’*

An Dearbhú Comhpháirteach seo maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 10(1) de Chreat Winsor, cuireann sé le Dearbhú Aontaobhach an Aontais, lena ndearbhaítear áit Thuaisceart Éireann agus é ina chuid dhílis de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, agus lena n-áirithítear, san am céanna, go gcosnófar margadh inmheánach an Aontais. Soiléirítear ann na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 10(1) de Chreat Windsor ina leagtar amach na himthosca ar leith inar dócha go gcuirfear ar úsáid é

¹⁰ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

aon uair a dheonaítear fóirdheontais sa Ríocht Aontaithe, agus is féidir é a úsáid chun an fhoráil sin a léirmhíniú.

Chun go measfar go bhfuil nasc dílis díreach ag beart le Tuaisceart Éireann agus, dá bhrí sin, go mbeadh tionchar aige ar an trádáil idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas atá faoi réir Chreat Windsor, ní mór fíoréifeachtaí intuartha a bheith ag an mbeart sin ar an trádáil sin. Ba cheart na fíoréifeachtaí intuartha ábhartha a bheith ann go fíor, agus gan iad a bheith ina n-éifeachtaí hipitéiseacha nó toimhdithe.

I dtaca le bearta a dheonaítear d'aon tairbhí atá lonnaithe sa Bhreatain Mhór, féadfar méid an fhóirdheontais, agus láithreach mhargaidh an ghnóthais sa mhargadh ábhartha i dTuaisceart Éireann a bheith san áireamh sna tosca a bhaineann le hábharthacht. Cé nach leor, ann féin, earraí a chur ar mhargadh Thuaisceart Éireann chun fíornasc díreach a léiriú lena gcuirtear Airteagal 10(1) de Chreat Windsor ar obair, is dóchúla go mbeidh éifeachtaí ábhartha ag bearta a dheonaítear do thairbhíthe atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

Maidir le bearta a dheonaítear d'aon tairbhí atá suite sa Bhreatain Mhór a bhfuil éifeacht ábhartha aige, ní mór a léiriú freisin go gcuirfí tairbhe eacnamaíoch an fhóirdheontais ar aghaidh go hiomlán nó go páirteach chuig gnóthas i dTuaisceart Éireann, nó trí na hearraí ábhartha a chuirtear ar an margadh i dTuaisceart Éireann, mar shampla trí dhíol faoi phraghas an mhargaidh, chun go mbeadh nasc díreach agus fírinneach ann lena gcuirfear Airteagal 10(1) de Chreat Windsor ar obair.

Leagfaidh an Coimisiún Eorpach agus an Ríocht Aontaithe amach ina dtreoraíocht féin na himthosca ina mbeidh feidhm ag Airteagal 10 de Chreat Windsor, lena dtabharfar tuilleadh mionsonraí chun a chur ar chumas deontóirí agus gnólachtaí araon ar fud na Ríochta Aontaithe oibriú le cinnteacht níos fearr.

**DRÉACHT-DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT
AONTAITHE SA CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ
MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS
EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH
ADAMHACH**

an [XX] 2023

maidir le hAirteagal 13(3a) de Chreat Winsor¹¹

Aithníonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur gá, chun fógra faoi Airteagal 13(3a) de Chreat Windsor a thabhairt de mheon macánta i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach¹² ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), an fógra sin a thabhairt faoi gach ceann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Dearbhú Aontaobhach ón Ríocht Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998, atá i gceangal le Cinneadh [XX]/2023¹³.

I gcás inar rialaigh an painéal eadrána, i gcomhréir le hAirteagal 175 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar i ndáil le fógra faoi Airteagal 13(3a) de Chreat Winsor, ba cheart comhlíonadh tapa rialú an phainéil eadrána a bhaint amach, mar a leagtar amach i Moladh [XX]/2023¹⁴.

¹¹ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

¹² [IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.](#)

¹³ [teideal iomlán chinneadh an Chomhchoiste a chur isteach]

¹⁴ [teideal iomlán mholadh an Chomhchoiste a chur isteach]

**DRÉACHT-DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT
AONTAITHE SA CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ
MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS
EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH
ADAMHACH**

an XX 2023

uimhir X

Is mian leis an Aontas agus leis an Ríocht Aontaithe a ngealltanais a athdhearbhú maidir le lánúsáid a bhaint as na struchtúir dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), is é sin le rá an Comhchoiste, na Coistí Speisialaithe agus an Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. Cuideoidh siad lena chéile cúraimí a chur i gcrích a eascraíonn as Creat Windsor¹⁵ agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt dá chéile agus de mheon macánta, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Meabhraíonn an Ríocht Aontaithe a gealltanais aontaobhach rannpháirtíocht iomlán Chéad agus Leas-Chéad-Aire Thuaisceart Éireann a áirithiú i dtoscaireacht na Ríochta Aontaithe chuig an gComhchoiste, agus sa chomhthéacs sin a gealltanais a áirithiú gur cheart go mbeadh tionchar chomh beag agus is féidir ag gabháil le cur i bhfeidhm Chreata Windsor ar shaol laethúil na bpobal.

Tá sé beartaithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe cruinnithe na gcomhlachtaí comhpháirteacha ábhartha a eagrú ar bhonn rialta chun idirphlé agus rannpháirtíocht a chothú. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um chur chun feidhme Chreat Winsor caoi a thabhairt do mhalartú tuairimí maidir le haon reachtaíocht de chuid na Ríochta Aontaithe a bheidh ann amach anseo maidir le hearraí atá ábhartha d'oibriú an Chreata Windsor. Go háirithe, d'fhágfaidh sin go mbeadh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas in ann measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an reachtaíocht sin a bheidh ann amach anseo i dTuaisceart Éireann, aon deacracht phraiticiúil atá i gceist a phlé agus teacht roimpi.

Chuirge sin, féadfaidh an Coiste Speisialaithe teacht le chéile i gcomhdhéanamh sonrach, is é sin an Comhlacht Speisialta um Earraí. Féadfaidh sé a iarraidh, más gá, ar an Meitheal Chomhairleach Chomhpháirteach agus ar aon cheann dá foghrúpaí ábhartha ar a mbeidh saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó Rialtas na Ríochta Aontaithe saincheist áirithe a scrúdú agus faisnéis a sholáthar ina leith. De réir mar is iomchuí, féadfar iarraidh ar ionadaithe ó ghnólachtaí agus ó pháirtithe leasmhara na sochaí sibhialta freastal ar chruinnithe ábhartha. Féadfaidh an Coiste Speisialaithe moltaí ábhartha a chur faoi bhráid an Chomhchoiste de réir mar is gá.

¹⁵ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tiomanta do réiteach a fháil ar aon saincheist a bhaineann le feidhmiú an Chreata Windsor ar an mbealach is fearr agus is gasta is féidir. Bainfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe úsáid as na gcomhchomhlachtaí chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus Creat Windsor á chur chun feidhme. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh saincheisteanna den sórt sin a bheith faoi réir idirphlé i gcomhchomhlachtaí an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar arna iarraidh sin do na Páirtithe. Fágann sin go mbeidh na Páirtithe in ann plé rialta a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha a bhfuil tábhacht leo chun a n-oibleagáidí faoi seach faoin gCreat Windsor a chomhlíonadh go cuí.

Déanann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe athnuachan ar a ngeallúint gach iarracht a dhéanamh, trí idirphlé, teacht ar réitigh a bheidh sásúil don dá thaobh maidir le hábhair a dhéanann difear d'fheidhmiú an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Chuige sin, tá sé beartaithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe lánúsáid a bhaint as cumhachtaí an Chomhchoiste, de mheon macánta, agus é d'aidhm leis teacht ar réitigh a chomhaontófar go frithpháirteach maidir le saincheisteanna leasa choitinn.

Tá malartuithe sna creataí sin gan dochar d'uathriaíl chinnteoireachta agus dhlíchórais faoi seach an Aontais agus na Ríochta Aontaithe.

**DRÉACHT-DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT
AONTAITHE SA CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ
MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS
EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH
ADAMHACH**

an XX 2023

**maidir leis an gcóras CBL d'earraí nach bhfuil riosca ag baint leo maidir le
margadh inmheánach an Aontais agus maidir leis na socruithe CBL le haghaidh
aisíocaíochtaí trasteorann**

Tá sé ar intinn ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cinneadh ón gComhchoiste a ghlacadh, bunaithe ar Airteagal 4 de Chinneadh XX/2023¹⁶, lena bhforáiltear do na rialacha maidir le rátaí a leagtar síos in Airteagal 98, arna léamh i gcomhar le hIarscríbhinn III, de Threoir 2006/112/CE, gan feidhm a bheith acu maidir le hearraí áirithe, seachas earraí arna soláthar agus arna suiteáil i maoín dhochorraithe atá suite i dTuaisceart Éireann ag daoine inchánach. Ní bhainfeadh an cinneadh sin ach le hearraí den sórt sin, de bharr a gcineáil agus na gcoinníollacha faoina soláthraítear iad, earraí a bheadh faoi réir tomhaltais chríochnaithigh i dTuaisceart Éireann, agus i ndáil leo sin nach mbeadh tionchar diúltach ar mhargadh inmheánach an Aontais i bhfoirm rioscaí calaoise fiosaí agus aon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar na rialacha maidir le rátaí a leagtar síos in Airteagal 98, arna léamh i gcomhar le hIarscríbhinn III, de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm, gan bheith á gcur i bhfeidhm. Le cinneadh den sórt sin, ba cheart liosta mionsonraithe a bhunú a bheadh bailí ar feadh 5 bliana. Cuireann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in iúl go bhfuil siad toilteanach meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar liosta den sórt sin ar bhonn rialta.

Tá sé beartaithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe freisin meastóireacht a dhéanamh ar na socruithe CBL atá ann faoi láthair maidir le haisíocaíochtaí trasteorann faoi Threoir 2008/9/CE agus faoi Threoir 86/560/CEE agus scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le cinneadh ón gComhchoiste a ghlacadh, más iomchuí, bunaithe ar Airteagal 4 de Chinneadh XX/2023 lena leagfaí síos aon choigeartú is gá nó nach mbeadh socruithe aisíocaíochta teoranta ach do chur i bhfeidhm Threoir 86/560/CEE. Ba cheart an t-ualach riaracháin ar dhaoine inchánach chomh maith le costais riaracháin ar riaracháin chánach a chur san áireamh sa mheastóireacht sin.

¹⁶

[teideal iomlán a chur isteach]

IARSCRÍBHINN 3

**DRÉACHT-DEARBHÚ AONTAQBHACH ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA
CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE
RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAIŒEART
ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH
AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH**

an xxx/2023

maidir le faireachas ar an margadh agus maidir le forfheidhmiú

Meabhraíonn an Ríocht Aontaithe a geallúint córas láidir faireachais agus forfheidhmithe margaidh a áirithiú i gcomhthéacs na socrúithe uathúla a comhaontaíodh leis an Aontas Eorpach i gcomhréir le Creat Windsor¹⁷ chun trádáil laistigh de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe a chosaint, agus áit Thuaisceart Éireann mar chuid dhílis de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, agus sláine mhargadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais Eorpaigh á háirithiú san am céanna.

Cuireann an Ríocht Aontaithe i bhfios go láidir nach mór forfheidhmiú láidir a bheith ann chun a áirithiú nach bhfuil trádálaithe ag baint mí-úsáid as na socrúithe trádála inmheánacha nua sin chun earraí a bhogadh isteach san Aontas Eorpach.

Faireachas margaidh

Aithníonn an Ríocht Aontaithe an ról tábhachtach atá ag faireachas margaidh, agus obair na n-údarás faireachais margaidh agus na n-údarás inniúil eile, chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, leanfaidh an Ríocht Aontaithe dá áirithiú go gcuirfidh na húdaráis sin clár gníomhaíochtaí ar fáil lena spreagtar sábháilteacht agus comhlíonadh, lena n-áirítear oibriú le gnólachtaí chun a áirithiú go bhfuil siad ar an eolas faoina n-oibleagáidí, measúnú a dhéanamh ar dhoiciméadacht agus táirgí ar an margadh a sheiceáil i gcás inarb ábhartha.

Déanfaidh an Ríocht Aontaithe an méid seo a leanas fós:

- Cumas agus acmhainneacht a fhorbairt i measc na n-údarás faireachais margaidh agus na n-údarás inniúil eile;
- Feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí maidir le measúnú riosca ar shábháilteacht táirgí;
- A áirithiú go mbeidh na cumhachtaí is gá ag na húdaráis ábhartha chun gníomhaíocht éifeachtach faireacháin a dhéanamh i gcomhthéacs na teorann idirnáisiúnta idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach;
- Tacú le gníomhaíochtaí rioscabhunaithe agus faisnéisbhunaithe ó údaráis ábhartha, lena n-áirítear iniúchtaí, cigireachtaí agus spotseiceálacha iomchuí, chun comhlíonadh a sheiceáil i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme;
- Faisnéis stóinseach agus bailiú sonraí a úsáid chun bonn mionsonraithe fianaise a áirithiú chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, lena n-áirítear gluaiseachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teacht isteach san Aontas Eorpach;

¹⁷ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

- Faisnéis chruinn agus mhionsonraithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus forfheidhmithe; agus
- Faisnéis a roinnt agus a fháil trí aon chóras TF ábhartha maidir le gníomhaíochtaí comhlíonta na n-údarás faireachais margaidh agus na n-údarás inniúil eile.

Tacóidh an Ríocht Aontaithe fós leis an gcomhar le húdaráis faireachais margaidh i margáí eile, tríd an Oifig Idirchaidrimh Aonair um fhaireachas margaidh.

Forfheidhmiú

Ní bheidh seiceálacha ná rialuithe nua ag an teorainn idir Tuaisceart Éireann agus Éire i gceist le forfheidhmiú láidir, ach ciallóidh sé sin gníomhaíocht fheabhsaithe ag údaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe, i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, leis an Aontas Eorpach agus le húdaráis na mBallstát i gcás inarb iomchuí, chun margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe agus margadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais Eorpaigh a chosaint, agus chun dul i ngleic go láidir le gníomhaíocht neamhdhleathach agus smuigleáil neamhdhleathach, lena n-áirítear ag grúpaí coiriúla eagraithe.

Maidir le hearraí atá faoi réir rialacha sláintíochta agus fiteashláintíochta, cuirfidh gníomhaíochtaí faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin tuilleadh feabhais ar na nósanna imeachta sonracha a leagtar amach sna rialacha is infheidhme maidir le teacht isteach na n-earraí sin i dTuaisceart Éireann. Ina theannta sin, neartóidh an Ríocht Aontaithe a gníomhaíocht faireacháin agus forfheidhmithe chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as earraí a aistrítear le beartán, agus aitheantas á thabhairt don spleáchas ar leith a chuireann tomhaltóirí ar na gluaiseachtaí sin.

Ina theannta sin, coinneoidh an Ríocht Aontaithe a réimeas láidir pionós i leith gníomhaíochtaí neamhdhleathacha trádála agus smuigleála. Coinneofar an méid sin faoi athbhreithniú dlúth, chun pionóis a mhéadú a bhaineann le mí-úsáid na rialacha nua sin trí earraí a aistriú isteach san Aontas Eorpach más gá chun díspreagadh breise a sholáthar.

Déanfaidh an Ríocht Aontaithe gníomhaíocht éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach maidir le neamhchomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar sin beidh anailís riosca, gníomhaíocht chomhlíontachta rioscabhunaithe agus measúnuithe riosca leanúnacha ar dhaonraí trádálaithe, agus smachtbhannaí agus pionóis mar bhonn taca leo.

**DRÉACHT-DEARBHÚ AONTAQBHACH ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA
CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR
LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAIŒEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN
AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO
FHUINNEAMH ADAMHACH**

an xxx/2023

**maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a aistriútear
ó Thuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe**

Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire an áit atá ag Thuaisceart Éireann mar chuid dhílis de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, an gá atá ann gnéithe uile Chomhaontú Aoine an Chéasta nó Chomhaontú Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998 a chosaint, agus a gealltanais rochtain gan bhac a thabhairt do ghnólachtaí Thuaisceart Éireann ar mhargadh na Ríochta Aontaithe ina iomláine.

Maidir le gach earra a aistriútear ó Thuaisceart Éireann go codanna eile de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, deimhníonn an Ríocht Aontaithe nach mbeidh feidhm ag nósanna imeachta onnmhairiúcháin faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ach amháin sna cásanna seo a leanas:

1. go gcuirtear iad faoi nós imeachta atá liostaithe in Airteagal 210 den Rialachán sin,
 2. atá á stóráil go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 144 den Rialachán sin,
- atá faoi réir fhorálacha dhlí an Aontais a thagann faoin dara habairt d'Airteagal 6(1) den Chreat Winsor¹⁸ lena ndéantar onnmhairiú na n-earraí a thoirmeasc nó a shrianadh,
4. a chuirtear faoin nós imeachta onnmhairiúcháin laistigh den Aontas i gcomhréir le Teideal V agus Teideal VIII den Rialachán sin, nó
 5. nach mó a luach ná EUR 3 000 agus go ndéantar iad a phacáil nó a luchtú le haghaidh a seolta onnmhairiúcháin laistigh den Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 221 de Rialachán (AE) 2015/2447.

Meabhraíonn an Ríocht Aontaithe a ghealltanais chun a áirithiú go ndéanfar ceanglais agus gealltanais idirnáisiúnta a bhaineann le toirmisc agus srianta ar onnmhairiú earraí ón Aontas chuig tríú tíortha a chosaint go hiomlán mar a leagtar amach i ndlí an Aontais.

¹⁸ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

Deimhníonn an Ríocht Aontaithe go soláthróidh sí faisnéis fhónta don Aontas maidir le hearraí atá faoi réir toirmisc agus srianta a ghluaiseann ó Thuaisceart Éireann go codanna eile den Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le honnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide, onnmhairí earraí cultúrtha agus seolta dramhaíola.

Gabhfaidh an Dearbhú Aontaobhach seo ionad an Dearbhaithe Aontaobhaigh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chomhchoiste um dhearbhuirte onnmhairiúcháin an 17 Nollaig 2020.

**DRÉACHT-DEARBHÚ AONTAQBHACH ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA
CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE
RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART
ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH
AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH**

an xxxx/2023

maidir leis an sásra um thoiliú daonlathach in Airteagal 18 de Chreat Windsor¹⁹

Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire go bhfuil sé beartaithe na réitigh chomhpháirteacha a fógraíodh in Windsor a bheith ina sraith beart praiticiúil agus inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach cinntitheach, ar easnaimh agus ar chásanna gan choinne a tháinig chun cinn ó tháinig an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal') i bhfeidhm.

Aithníonn an Ríocht Aontaithe a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh na socruithe sin i gcónaí in ann an tacaíocht is leithne is féidir a fháil ar fud an phobail i dTuaisceart Éireann, i gcomhréir leis an bhfreagracht atá uirthi seasamh le Comhaontú Aoine an Chéasta nó le Comhaontú Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998, lena n-áirítear na comhaontuithe agus na socruithe cur chun feidhme a rinneadh ina dhiaidh sin, ina codanna uile — agus maidir leis na freagrachtaí sonracha atá uirthi céannacht, éiteas agus mianta an dá phobal a urramú. Leis an sásra um thoiliú daonlathach in Airteagal 18 de Chreat Windsor, soláthraítear coimirce leanúnach agus thábhachtach ina leith sin, agus tá gealltanais tugtha ag an Ríocht Aontaithe go ndéanfaidh sí athbhreithniú neamhspleách a choimisiúnú sna himthosca a leagtar amach ina Dearbhú Aontaobhach maidir le toiliú²⁰. In aon imthoisc den sórt sin, bíodh sé tar éis chéadfheidhmiú an tsásra um thoiliú daonlathach nó ina dhiaidh, geallann an Ríocht Aontaithe moltaí an athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Chomhchoiste, agus aitheantas á thabhairt don fhreagracht atá ar an gComhchoiste faoi Airteagal 164 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach chun aon ábhar leasa a bhaineann le limistéar a chumhdaítear leis an gCreat Windsor a mheas, agus bealaí agus modhanna iomchuí a lorg chun fadhbanna a chosc, fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí a chumhdaítear leCreat Windsor.

¹⁹ Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.

²⁰ [Dearbhú ó Rialtas a Soilse Banríon Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le hoibriú na fórla maidir le 'toiliú daonlathach i dTuaisceart Éireann' den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann](#)

**DRÉACHT-DEARBHÚ AONTAOBHACH ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA
CHOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE
RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART
ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH
AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH**

an xxx/2023

**maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a neartú le haghaidh earraí a aistrítear i
mbeartáin ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann**

Sula dtiocfaidh forálacha Chinneadh Uimh. XX/2023²¹ i bhfeidhm ina n-iomláine, tá an Ríocht Aontaithe tiomanta do bheith ag obair leis an Aontas chun cosaint a thabhairt do mhargadh inmheánach an Aontais trí ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a neartú maidir le hearraí a aistrítear i mbeartáin ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann. Sa chomhthéacs sin, gabhann an Ríocht Aontaithe uirthi féin:

- Oibriú le hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe beartseachadadh gasta agus oibreoirí poist, chun sonraí tráchtála maidir le gluaiseacht beartán, lena n-áirítear an seoltóir, an faighteoir agus tuairisc ar na hearraí ábhartha, a chur ar fáil do Rialtas na Ríochta Aontaithe agus d'ionadaithe an Aontais. Thacódh na sonraí sin le gníomhaíocht forfheidhmithe agus comhlíonta, rud a chuirfeadh leis an ngníomhaíocht atá ann cheana faoi thionchar riosca agus faisnéise.
- An comhar atá ann cheana idir údaráis chustaim na Ríochta Aontaithe agus an Coimisiún Eorpach a fheabhsú, trí chomhoibriú maidir le rioscaí forfheidhmithe agus comhlíonta ar bhonn na socruithe oibríochtúla comhaontaithe dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. XX/2023.
- Tabharfaidh an Ríocht Aontaithe an Coiste Speisialaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Chreat Winsor²² cothrom le dáta go rialta maidir leis an dul chun cinn a rinneadh ar na saincheisteanna thuasluaite.

²¹ [teideal iomlán chinneadh an Chomhchoiste a chur isteach]

²² Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. XX/2023.